

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2011



Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

**Tá leagan Gaeilge agus leagan Béarla den tuarascáil bhliantúil (2011)
ar fáil ar www.environ.ie.**

PRN: A12/0829

<u>Clár</u>	Leathanach
Réamhrá an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	3
Ráiteas an Ard-Rúnaí	4
Achoimre ar Phríomh-Mhórgníomhartha 2011	7
Caibidil 1: Tithíocht	13
Caibidil 2: Uisce	16
Caibidil 3: Comhshaol	20
Caibidil 4: Rialtas Áitiúil agus Toghchóras	23
Caibidil 5: Pobail agus Forbairt Tuaithe	29
Caibidil 6: Pleanáil	35
Caibidil 7: Met Éireann	38
Caibidil 8: Acmhainní a chur ar fáil don Roinn Reatha	45
<u>Aguisíní</u>	
Aguisín 1 – Gníomhaíocht Reachtach 2011	49
Aguisín 2 – Foilseacháin 2011	78
Aguisín 3 - Tuarascáil Bhliantúil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh: Forléargas ar Úsáid Fuinnimh 2011	81

Réamhrá an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Is cúis mhór áthais domsa, in éineacht le mo chomhghleacaithe, na hAirí Stáit Jan O'Sullivan agus Fergus O'Dowd, glacadh le seachadadh Thuarascáil Bhliantúil na Roinne, ar tuarascáil í ina soláthraítear forléargas leathan ar ghníomhaíochtaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i rith na bliana 2011.

Sa Tuarascáil seo, déantar athbhreithniú ar raon leathan gníomhaíochtaí de chuid na Roinne sa bhliain 2011 agus gabhaim buíochas leis an Roinn agus lena comhlachtaí comhpháirtíochta san earnáil chomhshaoil, san earnáil phobail agus san earnáil rialtais áitiúil as an méid atá déanta acu chun cuidiú linn ár gcuid cuspóirí a bhaint amach i rith na bliana.

Is iad na haschuir agus na táscairí comhthéacs agus tionchair atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne na slata tomhais ar ina n-aghaidh is féidir feidhmíocht a thomhas ar bhonn bliantúil.

D'ainneoin na gcúinsí dúshlánacha nach mór aghaidh a thabhairt orthu sa tír, creidim go bhfuil dul chun cinn tábhachtach déanta i ndáil le déileáil leis na dúshláin sin agus i ndáil le beartais agus cláir a thagann faoi réim chúraimí na Roinne agus a chuirfidh le téarnamh agus dul chun cinn eacnamaíochta sna blianta atá romhainn a chur i bhfeidhm.

San fhoilseachán de chuid na Roinne dar teideal *Ráiteas Straitéise 2011 – 2014*, leagtar amach cuspóirí ardleibhéil thar a seacht réimse feidhme (Tithíocht, Seirbhísí Uisce, Comhshaoil, Rialtas Áitiúil agus an Toghchóras, Pobail agus Forbairt Tuaithe, Pleanáil agus Met Éireann). Cé gur doiciméad ardleibhéil é seo, agus é ailínithe go hiomlán le *Clár an Rialtais i gcomhair Téarnaimh Náisiúnta 2011- 2016* agus le Clár Tacaíochta Airgeadais AE/IMF, is cúis sástachta dom go bhfuil na bearta praiticiúla atá á ndéanamh chun athrú a sholáthar sa bhliain atá caite leagtha amach go soiléir sa Tuarascáil seo.

Phil Hogan, T.D.
An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Ráiteas an Ard-Rúnaí

Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2011 i ngach ceann dár réimsí gnó agus tugann an Tuarascáil seo forléargas leathan dúinn ar obair na Roinne maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do shaoránaigh agus do phobail, maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, agus maidir le caomhnú an chomhshaoil.

I rith na bliana, rinne an Roinn iarracht tuilleadh éifeachtachta agus éifeachtúlachta a bhaint amach i dtaca le soláthar a seirbhísí. Táimid ag leanúint de chur leis an gclár forleathan nuachóirithe agus athraithe atá á chur i bhfeidhm le roinnt blianta anuas agus d'fhíorlaghdú a dhéanamh ar an gcostas a ghabhann le seirbhísí poiblí a sholáthar. San obair sin, áirítear cur i bhfeidhm an raon tionscnamh atá ann i bPlean Gníomhaíochta na Roinne faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 - 2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) chomh maith leis na cinn a thionscnaítear go lárnach.

Ar an dóigh chéanna, tá an Roinn ag leanúint de thacú le hobair an Chomhlachta forfheidhmithe a bunaíodh chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí atá ann sa Tuarascáil ó Ghrúpa Athbhreithnithe Éifeachtúlacht an Rialtais Áitiúil. Tá dul chun cinn substaintiúil déanta ag an nGrúpa sin maidir le forbairt a chéad tuarascála. Tá sábháil €161 mhilliún, nach mór, déanta ag údaráis áitiúla agus seachnaíodh €61 mhilliún breise maidir le costais sa chéad tréimhse tuairiscithe faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh). I rith na bliana 2011, tháinig laghdú 1,198 bpost coibhíse lánaimseartha ar líon foirne na n-údarás áitiúil. Thug an Rialtas ceadú maidir le húdaráis áitiúla Luimnigh agus Thiobraid Árann a chumasc agus maidir leis an staid i bPort Láirge a scrúdú. Rinneadh reachtaíocht le haghaidh muirir nua teaghlaigh a achtú chun feabhas a chur ar mhaoiniú rialtais áitiúil.

Ba bhliain ghnóthach í an bhliain 2011 i dtaca le toghcháin agus rinne an Roinn formhaoirseacht ar Olltoghchán Dála, ar Olltoghchán Seanaid, ar Thoghchán Uachtaráin, ar Fhothoghchán Dála i mBaile Átha Cliath Thiar agus ar dhá Reifreann. Achtaíodh an tAcht Toghcháin (Leasú) 2011; bunaíodh Coimisiúin um Thoghlaigh; agus foilsíodh an Bille Toghchán (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2011.

Leanadh d'infheistíocht shuntasach chaipitiúil a dhéanamh i bpríomhchláir na Roinne agus caitheadh €429 milliún ar sheirbhísí uisce agus dramhuisce, lena n-áirítear €79 milliún ar an gClár Uisce Tuaithe. Rinneadh 68 gconradh/scéim maidir le mórsheirbhísí uisce a thabhairt i gcrích i rith na bliana agus bhíothas ag leanúint den obair ar 84 chonradh eile ag deireadh na bliana.

I réimse na tithíochta, foilsíodh an Ráiteas ar Bheartas Tithíochta i lár na bliana agus soláthraíodh dúshraith le haghaidh athchóirithe shubstaintiúil sa Ráiteas sin. B'ionann an infheistíocht leantach i gclár athghiniúna agus €117m nó 25% den infheistíocht chaipitiúil iomlán i dtithíocht shóisialta sa bhliain 2011. Tríd an athstruchtúrú leanúnach ar an gclár infheistíochta tithíochta sóisialta, soláthraíodh 1,193 aonad trí léasú agus 6,337 n-aonad faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS). Tháinig maoin a bhí i seilbh NAMA chun bheith ar fáil le haghaidh tithíochta sóisialta agus thosaigh an Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta ag úsáid comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun tithíocht shóisialta a sholáthar. Bunaíodh Coiste Náisiúnta Comhordúcháin um Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe chun dul i ngleic leis na fíorfhadhbanna atá ann sa réimse seo. Tugadh isteach tionscnamh sábháilteachta poiblí chun déileáil leis na rioscaí is tromchúisí sláinte sna heastáit a bhfuil na fadhbanna is measa iontu.

Rinneadh Deontais Oiriúnaithe Tithíochta ina raibh suim €61.3m a íoc faoi scéimeanna chun cabhrú le daoine scothaosta agus le daoine faoi mhíchumas. Rinneadh an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016 a sheoladh i mí Dheireadh Fómhair.

Leanadh den dul chun cinn maidir leis an réimse pleanála trí leasuithe eile a dhéanamh ar na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Foilsíodh *Dréacht-Treoirlínte ar Phleanáil Mhiondíola* agus *Dréacht-Treoirlínte ar Shiltean agus ar Mhíntíriú Bogach*.

Rinneadh Tuarascáil ó Ghrúpa Athbhreithnithe na Gníomhaireachta um Chaomhnú an Chomhshaoil, Athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta Aeráide agus Dréacht-Chreat le haghaidh Forbartha Inchothaithe a fhoilsiú i rith na bliana 2011. Críochnaíodh an obair ar Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Soláthair Seirbhísí Glasa agus táthar tar éis é a fhoilsiú go luath sa bhliain 2012. Rinneadh roinnt Treoracha comhshaoil a thrasú agus bunaíodh *sain-Aonad maidir le Comhlíonadh Comhshaoil* sa Roinn chun bheith i dteagmháil go gníomhach leis an gCoimisiún Eorpach i ndáil le laghdú a dhéanamh ar an líon cásanna a bhaineann le sárú ar dhlí an AE; san iomlán, laghdaíodh an líon cásanna beo ó 22 go dtí 15 i rith na bliana 2011.

Le hachtú an Achta Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011, rinneadh foráil, inter alia, maidir le solúbthacht mhéadaithe le linn an tobhach líonta talún a leagan síos agus áirítear ann roinnt forálacha a bhaineann le Coinbhinsiún Aarhus a chur i bhfeidhm.

Soláthraíodh maoiniú €47m faoi Aiseanna 3 & 4 de *Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2007-2013* agus is é a lean as sin ná cruthú 634 phost lánaimseartha sa bhliain 2011 mar aon le feabhsúcháin struchtúracha i 658 n-áit éagsúla ar fud na tíre, idir shráidbhailte agus phobail. Faoin *gClár Pobail Áitiúil & Forbartha (LCDP)*, soláthraíodh tacaíocht agus treoir do bheagnach 62,000 duine, idir dhaoine óga agus leanaí, trí ghníomhaíochtaí don óige.

Cuireadh 8,000 duine ar aghaidh chuig oiliúint mhargaidh saothair mar thoradh díreach ar idirghabháil LCDP. Rinneadh an Fóram ar Dhaonchairdeas agus ar Bhailiú Cistí a ationól freisin sa bhliain 2011.

Is eol dom go raibh ar an Roinn agus ar a cuid gníomhaireachtaí déileáil lena lán dúshlán i rith na bliana 2011 agus gur mhór an brú a bhí orainne agus ar na pobail a bhfónaimid dóibh mar gheall ar an ngá le hathrú a dhéanamh agus mar gheall ar luas an athraithe sin. Tuigim go fórmhaith saothar luachmhar gach duine atá bainteach le hobair na Roinne agus a cuid Gníomhaireachtaí.

Tá mé ag dúil le leanúint de bheith ag obair i gcomhar le mo chuid comhghleacaithe agus sinn ag díriú fós ar bheartais agus ar sheirbhísí éifeachtúla ardchaighdeáin a sholáthar, ar beartais agus seirbhísí iad atá dírithe ar an saoránach agus ar féidir leo cur leis an téarnamh eacnamaíochta ar shlí réadúil inbhraite.

Geraldine Tallon
Ard-Rúnaí

Achoimre ar Phríomh-Mhórgníomhartha 2011

Tithíocht

- Foilsiú an Ráitis ar Bheartas Tithíochta i Meitheamh 2011. Sa ráiteas sin, soláthraítear an dúshraith le haghaidh cláir shubstaintiúil athchóirithe, mar fhreagra ar na dálaí reatha agus ar na dálaí atá ag teacht chun cinn san earnáil tithíochta, agus aird á tabhairt ar an timthriall drámatúil mearfháis agus tobthití sa mhargadh maoiní cónaithe.
- Soláthar 1,193 aonad tithíochta trí léasú agus 6,337 n-aonad faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos.
- Infheistíocht €117 milliún i gcláir athghiniúna i mBaile Átha Cliath, i Luimneach, i gCorcaigh, i bPort Láirge, i dTrá Lí, i nDún Dealgan agus i Sligeach.
- Foilsiú na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2011-16.
- Trí mhaoiniúchán €61.3 milliún, i bhfoirm deontas, cumasaíodh do 11,737 dteaghlach tairbhiú faoi Scéimeanna na nDeontas Oiriúnaithe Tithíochta.
- Tugadh isteach Tionscnamh Sábháilteachta Poiblí chun déileáil leis na rioscaí tromchúiseacha sláinte sna heastáit tithíochta neamhchríochnaithe a bhfuil na fadhbanna is measa iontu.

Uisce

- Ba é a bhí i méid iomlán an chaiteachais Státchiste ar sheirbhísí uisce agus séarachais sa bhliain 2011 ná €429 milliún agus caitheadh €79 milliún den tsuim sin faoin gClár Uisce Tuaithe.
- Rinneadh 68 gconradh/scéim maidir le mórsheirbhísí uisce a thabhairt i gcrích i rith na bliana agus bhíothas ag leanúint den obair ar 84 chonradh eile ag deireadh na bliana.
- Rinneadh athshlánú ar 200 km de pháibáin soláthair uisce phoiblí.
- Rinneadh Athbhreithniú ar an gClár um Infheistíocht i Seirbhísí Uisce (WSIP) agus is é a lean as sin ná gur cuireadh 39 gconradh leis an gclár chun déileáil le saincheisteanna tábhachtacha comhshaoil a bhí ag teacht chun cinn.
- Foilsiú na reachtaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhí ann mar thoradh ar rialú ón gCúirt Bhreithiúnas Eorpach (ECJ) maidir le dramhuiscí tí ó umair mhúnlaigh agus ó chórais eile cóireála dramhuisce ar an láthair. Rinneadh an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012 a achtú go luath sa bhliain 2012.

- Críochnaíodh Céim 1 den mheasúnú neamhspleách ar ról agus ar fheidhm Fóntais Uisce Phoiblí.
- Trasú na Creat-Treorach um Straitéis Mhuirí.
- Trasú na Treorach ón gCoimisiún Eorpach (2009/90/CE) maidir le rialú cáilíochta agus deimhniú cáilíochta i ndáil le sampláil agus anailísiú uisce.

Comhshaoil

- Rinneadh Tuarascáil ó Ghrúpa Athbhreithnithe na Gníomhaireachta um Chaomhnú an Chomhshaoil, Athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta Aeráide agus Dréacht-Chreat le haghaidh Forbartha Inmharthana a fhoilsiú i rith na bliana 2011. Ina theannta sin, críochnaíodh an obair ar Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Soláthair Seirbhísí Glasa (lena fhoilsiú sa bhliain 2012).
- Marchuid den Chlár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, rinneadh an ról forbartha inchothaithe atá ag Comhar, An Chomhairle Forbartha Inmharthana, a chomhtháthú isteach sa Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESC) le héifeacht ó dheireadh na bliana 2011.
- Rinneadh an Creat-Treoir maidir le Dramhaíl (2008/98/CE), an Treoir Eorpach maidir le Sábháilteacht Núicléach (2009/71/Euratom) agus an Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh agus le hAer níos glaine don Eoraip (2008/50/CE) a thrasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola) 2011 (I.R. Uimh 126 de 2011), leis an Ordú fán Acht um Chosaint Raideolaíoch 1991 (Sábháilteacht Núicléach) 2011 (I.R. Uimh. 390 de 2011) agus leis na Rialacháin um Chaighdeán Aercháilíochta 2011 (I.R. Uimh. 180 de 2011).
- Maidir leis an tsaincheist leathan a bhaineann le trasú agus cur i bhfeidhm reachtaíocht an AE i ndáil leis an gcomhshaoil, bunaíodh sain-Aonad um Chomhlíonadh Comhshaoil chun teagmháil a dhéanamh go gníomhach leis an gCoimisiún Eorpach d'fhonn laghdú a dhéanamh ar an líon cásanna a bhaineann le sárú ar dhlí an AE; san iomlán, tháinig laghdú ar an líon cásanna beo ó 22 go 15.
- Rinneadh an tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011, lenar ceadaíodh solúbthacht mhéadaithe i ndáil leis an tobhach líonta talún a leagan síos agus lenar tugadh isteach roinnt beart reachtach chun Coinbhinsiún Aarhus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rialacha nua a bhaineann le costais dhlíthiúla agus a mbeidh feidhm acu i gcásanna áirithe comhshaoil, a achtú i Lúnasa 2011.

- Rinneadh *Éici-Bhleachtairí*, is é sin, paca acmhainní do mhúinteoirí a bhaineann le hathrú comhshaoil agus aeráide, a scaipeadh ar gach uile scoil náisiúnta. Lean an Roinn de thacaíocht a thabhairt do Chlár na Scoileanna Glasa atá á oibriú ag An Taisce agus a bhfuil os cionn 83% de na scoileanna páirteach ann.

Rialtas Áitiúil agus Toghchóras

- Áirithíodh ceadú an Rialtais chun údaráis áitiúla i Luimneach agus i dTiobraid Árann a chumasc agus chun an staid i bPort Láirge a scrúdú agus bunaíodh grúpaí forfheidhmithe i gcásanna Luimnigh agus Thiobraid Árann chun formhaoirseacht a dhéanamh ar phleanáil, ar obair ullmhúcháin agus ar chur i bhfeidhm tosaigh an phróisis atheagrúcháin.
- Bunaíodh Coiste reachtúil Rialtais Áitiúil i gcás Phort Láirge.
- Bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe chun spreagadh agus formhaoirseacht a dhéanamh i leith chur i bhfeidhm na moltaí atá ann sa Tuarascáil ó Ghrúpa Athbhreithnithe Éifeachtúlacht an Rialtais Áitiúil. Rinne an Grúpa sin dul chun cinn substaintiúil maidir le forbairt a chéad tuarascála.
- Achtaíodh reachtaíocht maidir le muirear nua teaghlaigh.
- Tá sábháil €161 mhilliún, nach mór, déanta ag údaráis áitiúla agus seachnaíodh €61 mhilliún breise maidir le costais sa chéad tréimhse tuairiscithe faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.
- I rith na bliana 2011, rinneadh laghdú 1,198 bpost coibhéise lánaimseartha ar líon foirne na n-údarás áitiúil.
- Tá feabhas leanúnach seirbhíse curtha ar sheirbhísí dóiteáin agus éigeandála, agus béim ar leith ar shábháilteacht.
- Achtaíodh an tAcht Toghcháin (Leasú) 2011.
- Bunaíodh Coimisiún um Thoghlaigh.
- Rinneadh formhaoirseacht ar shocruithe reachtacha agus oibríochta le haghaidh Olltoghcháin Dála, Olltoghcháin Seanaid agus Toghcháin Uachtaráin, Fothoghcháin Dála i mBaile Átha Cliath agus dhá Reifreann.
- Foilsíodh an Bille Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2011.

Pobail agus Forbairt Tuaithe

- Foilsíodh an Tuarascáil Eatramhach ón nGrúpa Stiúrtha um Ailíniú Rialtais Áitiúil/Forbartha Áitiúla ina ndéantar achoimre ar réamhchinntí agus ar chonclúidí an Ghrúpa Stiúrtha. Foilseofar an Tuarascáil Deiridh i bhFeabhra 2012 agus úsáidfear í i gcomhair chlár oibre leathan an Rialtais maidir le hAthchóiriú Rialtais Áitiúil.
- Soláthraíodh maoiniú €47m faoi Aiseanna 3 & 4 de Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2007-2013 agus is é a lean as sin ná cruthú 634 phost lánaimseartha sa bhliain 2011 mar aon le feabhsúcháin struchtúracha i 658 n-áit éagsúla ar fud na tíre, idir shráidbhailte agus phobail.
- Faoin gClár Pobail Áitiúil & Forbartha (LCDP), soláthraíodh tacaíocht agus treoir do bheagnach 62,000 duine, idir dhaoine óga agus leanaí, trí ghníomhaíochtaí don óige. Fuair beagnach 39,000 aosach comhairle agus faisnéis faoin gClár agus fuair 39,000 duine eile tacaíocht, meantóireacht, oiliúint agus tacaíochtaí fostaíochta ar bhonn 'duine le duine'. Cuireadh 8,000 duine ar aghaidh chuig oiliúint mhargaidh saothair mar thoradh díreach ar idirghabháil LCDP.
- Tá próiseas comhtháthaithe an Tionscadail Forbartha Pobail curtha i gcrích ach tá roinnt pléite leanúnacha ar siúl faoi chásanna ar leithligh a bhfuil saincheisteanna teicniúla nó dlíthiúla le réiteach fós ina leith.
- Rinneadh an Fóram ar Dhaonchairdeas agus ar Bhailiú Cistí a ationól sa bhliain 2011. Thíolaic an Fóram Tuarascáil don Roinn agus bhí moltaí ann maidir le méadú a dhéanamh ar an earnáil sin ó €500 milliún go €800 milliún in aghaidh na bliana faoin mbliain 2016 agus maidir le fostaíocht i bpobail áitiúla a mhéadú trí chaipiteal sóisialta a chur ar bun.
- Rinneadh an t-athbhreithniú ar Ról agus ar Fheidhmeanna Oifigeach Áineasa Tuaithe a thabhairt i gcrích agus úsáideadh an t-athbhreithniú sin le linn conarthaí nua a chomhaontú le Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (LDCanna), lena n-áirítear leathnú a dhéanamh, ar bhonn feidhme agus ar bhonn geografach araon, ar a gcuid cúraimí maidir le raon seirbhísí áineasa tuaithe a sholáthar thar ceann na Roinne.
- De bhun moltaí a rinneadh sa Tuarascáil ar an Iarthar Cruthaitheach, d'oibrigh Coimisiún Forbartha an Iarthair le comhpháirtithe sa réigiún, lena n-áirítear OÉ Gaillimh agus Comhairle Chontae Shligigh chun rochtain a fháil ar fhoinsí maoiniúcháin AE i gcomhair clár forbartha, is é sin le rá:
 - Tionscadal dar teideal 'Creative Edge' ar dámhadh €2.1m ina leith faoi Chlár an Imill Thuaidh, ar clár de chuid INTERREG IVB é chun ardán onnmhairiúcháin a fhorbairt mar chúnamh do ghnótháí cruthaitheacha.

- Tionscadal dar teideal 'Creative Challenge' ar dámhadh €0.3m ina leith agus arb é is aidhm dó ná méadú a dhéanamh ar an nuálaíocht i bhfiontair phríomhshrutha e.g. agrábhia, turasóireacht, eolaíochtaí beatha.

Pleanáil

- Rinneadh forálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:
 - forálacha a bhaineann leis an bpróiseas pleanála don todhchaí, arb é atá ann croí-straitéisí atá bunaithe ar fhianaise a ghlacadh ar bhonn leanúnach i bpleananna forbartha áitiúla chun go mbeidh níos mó comhsheasmhacht ann idir pleananna ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil agus chun go mbeidh torthaí pleanála inchothaithe ann. Beidh sé sin mar thaca i ndáil le cur chuige plean-bhunaithe i leith na forbartha agus, dá bhrí sin, tabharfar tacaíocht do gheilleagair áitiúla trí bhonneagar tábhachtach cumasúcháin a sholáthar i gcomhréir le cuspóirí na bPleananna Forbartha Cathrach agus Contae.
 - cuireadh Codanna substaintiúla nua leis na hAchtanna um Pleanáil – Cuid XA (próiseas toilithe ionaid) agus Cuid XAB (measúnacht chúí ar phleananna agus ar thionscadail) agus alt nua 261A (cairéil a rialáil tuilleadh).
- Rinneadh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 a leasú tuilleadh leis an Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011 agus le Rialacháin CE; cuireadh Rialacháin shubstaintiúla thánaisteacha i bhfeidhm freisin, lena n-áirítear Rialacháin chun leasú a dhéanamh ar na forálacha a bhaineann le forbairt dhíolmhaithe (go páirteach mar fhreagra ar chinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais Eorpach (ECJ)).

Met Éireann

- Tugadh isteach múnla réamhaisnéise nua nuálach atmaisféarach méisea-scála ar a dtugtar Harmonie.
- Rinneadh uasghrádú ar an Radar Aimsire in Aerfort Bhaile Átha Cliath - dá bharr sin, cuireadh feabhas ar cháilíocht na sonraí agus is féidir tuilleadh faisnéise a sholáthar do réamhaisneoirí agus don phobal.
- Rinneadh 11 ionsamhlú aeráide domhanda tríd an EC-Earth Consortium.

Acmhainní a chur ar fáil don Roinn Reatha

- D'éirigh le hathchumrú fheidhmeanna, acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais na Roinne.

- Glacadh páirt ghníomhach sa Chlár Athbhreithnithe Eagrúcháin (ORP) agus sa chomhaontú gaolmhar maidir le Plean Gníomhaíochta an ORP.

Caibidil 1

Tithíocht

Cuspóir Ardleibhéal

Chun a chumasú do gach teaghlach rochtain a fháil ar thithíocht dea-cháilíochta atá oiriúnach dá gcúinsí teaghlaigh agus sa phobal áirithe a roghnaíonn siad.

An clár infheistíochta i dtithíocht shóisialta

An méid a baineadh amach sa bhliain 2011:

- seoladh an Ráiteas nua maidir le Beartas Tithíochta ina dtugtar achoimre ar chur chuige an Rialtais maidir le déileáil leis an éileamh méadaitheach ar thithíocht shóisialta trí chlár athstruchtúrtha infheistíochta i dtithíocht shóisialta, trí úsáid a bhaint as múnlaí maoiniúcháin níos solúbtha, trí dheireadh a chur le scéimeanna tithíochta inacmhainne agus trí thacaíochtaí a dhíriú ar na riachtanais is géire i ndáil le tithíocht;
- athstruchtúrú leanúnach an chláir infheistíochta i dtithíocht shóisialta as ar lean aschur ó léasú 1,193 aonad, agus ag an am céanna, tháinig 6,337 n-aonad nua chun bheith feidhmiúil faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos ar chostas glan €130 milliún don bhliain. Ba iad na múnlaí sin ba chúis le beagnach an leathchuid den soláthar iomlán tithíochta sóisialta sa bhliain 2011, rud a bhí i gcomhréir le cuspóirí an Ráitis ar Bheartas Tithíochta;
- den chéad uair, rinneadh maoin a bhí i seilbh NAMA a úsáid ar mhaithe le tithíocht shóisialta;
- den chéad uair, rinneadh iasachtú díreach ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (HFA) a úsáid chun a chumasú do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta tithíocht shóisialta a sholáthar;
- infheistíocht leantach i gcláir athghiniúna, agus rinneadh €117m, nó 25% den infheistíocht chaipitiúil uile i dtithíocht shóisialta, a chaitheamh ar raon tionscadal a bhí dírithe ar athghiniúint timpeallachtaí tábhachtacha fisiciúla i mBaile Átha Cliath, i Luimneach, i gCorcaigh, i bPort Láirge, i dTrá Lí, i nDún Dealgan agus i Sligeach; agus
- leathnú ról na hearnála saorálaí agus comharchumainn i ndáil le déileáil le riachtanais tithíochta sóisialta, trí fheabhas a chur ar chreat rialála saorálaí don earnáil agus trí shaoráidí iasachtaithe dhírigh a thabhairt isteach tríd an nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta.

Riaráistí morgáiste

Tá treoir chuimsitheach d'údaráis áitiúla, ar treoir í a bhaineann leis an tslí chun déileáil le riaráistí morgáiste, á bhforbairt i gcomhpháirt ag an Roinn agus ag Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae. Tá cuid mhór de Chód Iompair an Bhainc Ceannais maidir le Riaráistí Morgáiste inchorpraithe sa treoir sin agus glacann an treoir ionad na teorach láithrí atá ann d'údaráis áitiúla. Beidh próiseas comhchoiteann réitithe riaráistí morgáiste san áireamh inti, beidh sí le húsáid ag na húdaráis áitiúla go léir agus déanfar foráil inti maidir le bealach comhsheasmhach báúil chun déileáil le gach iasachtaí údaráis áitiúil a bhfuil deacrachtaí acu.

Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Rinneadh an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2011-2016, a sheoladh i mí Dheireadh Fómhair 2011.

Scéimeanna um Dheontas Oiriúnaithe Tithíochta

Thairbhígh 11,737 nduine faoi na Scéimeanna um Dheontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas agus ba é a bhí i gcostas iomlán na nDeontas a íocadh ná €61.3m.

An Coiste Náisiúnta Comhordúcháin um Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

Rinneadh Coiste Náisiúnta Comhordúcháin um Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe a bhunú i Meitheamh chun spreagadh a dhéanamh i leith chur i bhfeidhm iarrachtaí chun fadhbanna a bhaineann le heastáit tithíochta neamhchríochnaithe a réiteach. Tá an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na gcónaitheoirí, na Roinne, na n-údarás áitiúil, na bhforbróirí, na mbaincírí agus na Gníomhaireachta Bainistithe Sócmhainní Náisiúnta (NAMA). Tugadh isteach Tionscnamh Sábháilteachta poiblí chun déileáil leis na rioscaí is tromchúisí sláinte sna heastáit a bhfuil na fadhbanna is measa iontu. Chuir Grúpa Athbhreithnithe Reachtaíochta tús le scrúdú ar an reachtaíocht láithreach iomchuí chun a fháil amach an gá an reachtaíocht sin a neartú nó a leasú mar gheall ar na deacrachtaí atá ann mar thoradh ar eastáit tithíochta neamhchríochnaithe. Ar an dóigh chéanna, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an nGrúpa ar chóras na mbannaí mar chuid den phróiseas foriomlán pleanála.

Daoine Gan Dídean

Chun déileáil leis an dúshlán leanúnach a ghabhann le daoine gan dídean, rinneadh maoiniú le haghaidh seirbhísí riachtanacha túslíne a choimeád ag an leibhéal céanna i rith na bliana 2011. Rinneadh dul chun cinn maidir le hathchumrú na seirbhísí do dhaoine gan dídean agus, ag an am céanna, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cur chuige 'atá bunaithe ar

thithíocht' a ghlacadh i ndáil le daoine gan dídean agus is ceart go gcuirfear bailchríoch air sin go luath sa bhliain 2012.

Caibidil 2

Uisce

Cuspóir Ardleibhéil

Acmhainní uisce agus éiceachórais a bhíonn ag brath ar uisce a chosaint agus a fheabhsú; bonneagar seirbhísí uisce a sholáthar chun tacú le fás inchothaithe agus le cosaint don chomhshaol; socruithe nua rialachais agus praghsála a thabhairt isteach chun seirbhísí uisce a sholáthar agus a bhainistiú; agus rialáil chuí na hearnála uisce a chinntiú.

An Clár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce

Déantar infheistíocht an Stáit i mbonneagar seirbhísí uisce a riaradh tríd an gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce (WSIP) agus tríd an gClár Uisce Tuaithe (RWP) agus tá an cúram ina leith sin arna chineadh go formhór chuig údaráis áitiúla. Ba é a bhí sa chaiteachas iomlán Státchiste ar na cláir seo sa bhliain 2011 ná €429 milliún, i gcomparáid le €495 mhilliún sa bhliain 2010.

San iomlán, rinneadh 68 gconradh/scéim a thabhairt i gcrích sa bhliain 2011 agus cuireadh tús le 35 eile agus tá obair ar siúl ar 49 gconradh eile. Bhain 34 cinn de na conarthaí/scéimeanna críochnaithe le dramhuisce agus is é a lean as sin ná méadú ar an gcumas cóireála dramhuisce chun fónamh do dhaonra 100,150 (coibhéis daonra (cd)). Bhain 19 gconradh eile le hoibreacha caomhnaithe uisce agus bhí baint ag an 15 chonradh eile le huisce, go háirithe nithe a bhain leis an liosta Gníomhartha Feabhais.

Leanann an obair seo de dheimhin a dhéanamh de go bhfuil an sceitheadh séarachais isteach inár gcuid aibhneacha, lochanna agus uiscí cósta, agus cáilíocht an uisce óil, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde, go ndéantar an cumas a leathnú chun freastal ar riachtanais tionscail agus ar fhás an daonra amach anseo, agus go ndéileáiltear le sileadh i ngréasáin dáilte an tsoláthair uisce phoiblí.

Athbhreithniú ar an gclár

Rinneadh athbhreithniú lárbhlíana ar chlár CISU i Meitheamh chun a chinntiú go raibh ábhar an chlár iomchuí fós agus go raibh dul chun cinn á dhéanamh. Tugadh suntas do roinnt ceanglas nua a d'éirigh go formhór as faireachán na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) ar chaighdeáin an uisce óil nó as ceadúnú gléasraí agus, dá bharr sin, cuireadh 39 gconradh breise san áireamh sa chlár.

Droch-aimsir

I dtús na bliana, bhí dianfhócas ar sholáthairtí uiscí de bharr na dteagmhas droch-aimsire i mí na Nollag 2010 agus i mí Eanáir 2011. D'oibrigh foireann na n-údarás áitiúil go dian fad a bhí an coscáirt ar siúl i rith na tréimhse ón 26 Nollaig 2010 go dtí an 7 Eanáir 2011 (tréimhse 13 lá nach raibh ach 6 cinn

díobh ina ngnáthlaethanta oibre). Rinneadh maoiniú éigeandála os cionn €9 milliún a sholáthar chun íoc as na costais bhreise uisce a tabhaíodh mar thoradh ar dhroch-aimsir.

Tacaíocht ón gCiste Rialtais Áitiúil

Sa bhliain 2011, rinneadh leithroinnt speisialta €11.1 milliún a thabhairt d'údaráis áitiúla freisin as an gCiste Rialtais Áitiúil chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú: costais samplála chun a dheimhniú go rabhthas ag comhlíonadh caighdeán uisce óil agus eisiltigh dramhuisce agus iarratais ar cheadúnais chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i ndáil le sceitheadh dramhuisce (€5.2m); caiteachas oibríochtúil ar ghléasraí nua cóireála uisce agus dramhuisce sa chéad dá bhliain tar éis iad a chríochnú (€4.9 m); agus costais oiliúna daoine den fhoireann a ghabhann d'oibríochtaí seirbhísí uisce agus do sholáthar bonneagair (€0.9m)

Uisce Tuaithe

Ba é a bhí sa chaiteachas Stáitchiste faoin gClár Uisce Tuaithe sa bhliain 2011 ná €79 milliún.

I bPlean 2011, leanadh de dhíriú ar bhearta chun a chur faoi deara go gcomhlíonann grúpscéimeanna uisce ag a bhfuil foinse phríobháideach uisce na caighdeán náisiúnta maidir le cáilíocht uisce óil, agus béim ar leith ar chur i bhfeidhm "Plean Gníomhaíochta" ina bhfuil bearta tosaíochta chun cáilíocht an uisce óil a fheabhsú agus a áirithiú i dtuairim is 728 ngrúpscéim uisce ag a bhfuil foinse phríobháideach uisce agus sin a dhéanamh go príomha trí uasghrádú a dhéanamh ar ghléasraí cóireála uisce nó trí gléasraí nua den sórt sin a sholáthar nó trí ghrúpscéimeanna cheangal de scéimeanna poiblí uisce agus séarachais. Ag deireadh na bliana 2011, bhí 98% den Plean curtha i gcrích agus bhí obair déanta ar 708 scéim uisce a fhónann do níos mó ná 85,000 teaghlach.

Caomhnú Uisce

Faoin gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce 2010-2012, sainaitnítear caomhnú uisce mar phríomh-thosaíocht agus léiríonn an infheistíocht na tosaíochtaí atá sainaitheanta ag údaráis áitiúla i ndáil le hathshlánú príomh-phíopaí/tionscadail athsholáthair laistigh dá limistéir. Samhlaítear go ndéanfar an infheistíocht a dhíriú ar limistéir a bhfuil rátaí arda neamh-inghlactha iontu maidir le húsáid uisce nach bhfuil aon chuntas ann ina leith. Sa bhliain 2011, d'íoc an Roinn beagnach €40 milliún le húdaráis áitiúla maidir le tionscadail chaomhnaithe uisce.

Go dtí seo, caitheadh an chuid is mó den infheistíocht údaráis áitiúil ar chórais bhainistithe uisce agus ar bhrath gníomhach siltí mar réamhobair riachtanach i gcomhair an dianchláir athshlánúcháin príomh-phíopaí atá á fhorbairt faoin WSIP. Beifear in ann thart ar 640km de phríomh-phíopaí a athshlánú faoin gclár. Sa bhliain go dtí deireadh Mheán Fómhair 2011, bhíodhas tar éis thart ar 200km de píopaí soláthair uisce phoiblí a athshlánú

cheana féin. Rud beag os cionn 42% atá sa mheán náisiúnta maidir le húsáid soláthairtí uisce phoiblí nach bhfuil aon chuntas ann ina leith.

Beartas Uisce

Sa Chlár Rialtais déantar foráil maidir le húdarás nua náisiúnta uisce, Uisce Éireann, a bhunú faoi úinéireacht an Stáit chun freagracht a ghlacadh bainistiú agus maoirsiú a dhéanamh ar infheistíocht i mbonneagar seirbhísí uisce agus chun bainistiú a dhéanamh ar an gclár méadraithe uisce baile. Tá gealltanais ann sa Mheabhrán Tuisceana idir Éire agus an AE/IMF á rá go ndéanfaidh Éire measúnú neamhspleách ar bhunú údaráis den sórt sin. Sa bhliain 2011, críochnaíodh measúnú neamhspleách ar chruthú fóntais uisce phoiblí agus tá breithniú déanta ag an Rialtas ar an measúnú sin. Ag deireadh na bliana 2011, bhíothas ag ceapadh go mbeadh próiseas comhairliúcháin ann go luath sa bhliain 2012.

I rith na bliana 2011, leanamar den fhorbairt ar straitéisí fála i ndáil le méadrú uisce, den fhorbairt ar bheartas maidir le muirear a ghearradh ar chustaiméirí baile agus den phróiseas a ghabhann le rialáil neamhspleách eacnamaíochta a thabhairt isteach san earnáil seo.

Cáilíocht an Uisce

Rinneadh athbhreithniú ar gach ceann de na 64 Chlár Laghdaithe Truailithe atá ann le haghaidh na láithreán ainmnithe uisce sliogéisc ar chósta na hÉireann. Déanfar na Cláir a uasdátú de bhun an athbhreithnithe sin sa chéad ráithe den bhliain 2012.

Chuir an Roinn tús le pléití le comhpháirtithe straitéiseacha d'fhonn feabhas a chur ar na **socruithe rialachais** reatha i ndáil le pleanáil um bainistíocht abhantraí. Críochnófar an obair sin faoi lár na bliana 2012.

An Chreat-Treoir maidir le Straitéis Mhuirí

Rinneadh an Chreat-Treoir maidir le Straitéis Mhuirí a thrasú isteach sa dlí náisiúnta le hlonstraim Reachtuil i mBealtaine 2011. Leanann Éire d'ionadaíocht a bheith aici ar an leibhéal AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta i ndáil le cur i bhfeidhm na Treorach. Bunaíodh Grúpa Oibre Teicniúil idir-rannach chun cur i bhfeidhm na Treorach a chur ar aghaidh agus tháinig an grúpa sin le chéile 4 huair sa bhliain 2011. Áirithíodh ceadú agus tionscnaíodh próiseas tairisceana chun acmhainní a fháil chun cúnamh a thabhairt d'Fhoras na Mara i ndáil le gnéithe de Straitéis Mhuirí na hÉireann a ullmhú i gcomhréir leis an Treoir Mhuirí.

Umair Mhúnlaigh

I mí Dheireadh Fómhair 2009, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach (ECJ) gur mhainnigh Éire a cuid oibleagáidí a chomhall faoin Treoir Dramháiola (75/442/CEE) maidir le dramhuisce baile a dhiúscaítear trí umair mhúnlaigh agus maidir le córais aonair eile cóireála dramhuisce. Thug rialú ECJ suntas do na heasnaimh atá ann sa reachtaíocht a bhí ann in Éirinn. I mBealtaine

2011, cheadaigh an Rialtas dréachtú práinneach Bille chun socrú a dhéanamh maidir le córas nua a bhunú chun iniúchadh agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht umar múnlaigh agus córas eile cóireála dramhuisce ar an láthair. Foilsíodh an Bille ar an 3 Samhain 2011.

Caibidil 3

Comhshaol

Cuspóir Ardleibhéil

Cosaint an chomhshaoil agus shláinte an duine a chur chun cinn, agus rannchuidiú le geilleagar glas a fhorbairt agus leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar fud an domhain i gcoinne athrú na haeráide, go díreach agus trína chinntiú go leanfar ar aghaidh le nithe ó thaobh an chomhshaoil agus na forbartha inchothaithe ar bhonn níos leithne a chur san áireamh i mbeartais eacnamaíochta agus i mbeartais eanála.

Beartas Dramhaíola

De réir na faisnéise is déanaí dá bhfuil ar fáil anois (i leith na bliana 2010), taispeántar go raibh dul chun cinn leantach ann maidir le nuachóiriú a dhéanamh ar ár gcur chuige i ndáil le bainistiú dramhaíola agus bhí méadú go 41% ann i dtaca le haisghabháil dramhaíola bardasaí. Tabharfar tacaíocht chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo trí bhíthin reachtaíochta athbhreithnithe tobhaigh líonta talún a tugadh isteach i rith na bliana 2011, ar reachtaíocht í ar dá bun a méadaíodh an tobhach ó €30 go €50 ina aghaidh an tona, agus fógraíodh méaduithe eile le haghaidh na mblianta 2012 agus 2013.

Tá sé thionscnamh freagrachta táirgeora (PRI-anna) á n-oibriú sna réimsí seo a leanas: pacáistiú dramhaíola, plaitigh fheirme, dramh-threalamh leictreach agus leictreonach (WEEE), feithiclí a bhfuil a ré caite (ELV-anna), boinn agus cadhnraí. Mar thoradh ar na tionscnaimh sin, táthar tar éis líonadh talún a sheachaint i gcás toirteanna suntasacha dramhaíola. De réir na sonraí is déanaí dá bhfuil ar fáil (i leith na bliana 2010), taispeántar gur bailíodh beagnach 38,000 tona WEEE trí scéimeanna maidir le Comhlíonadh WEEE, agus is ionann an figiúr sin agus méid atá os cionn dhá oiread sprioc an AE, is é sin le rá, 4kg per capita. Thacaigh Repak le haisghabháil/hathchúrsáil 626,000 tona pacáistíochta úsáidte, rud atá comhionann le ráta aisghabhála/athchúrsála beagnach 67% agus tá an figiúr sin chóir a bheith 7% níos mó ná sprioc 60% na Treorach Pacáistíochta don bhliain 2011. I gcás scéimeanna maidir le Comhlíonadh i réimse na gCadhnaí, tuairiscítear gur bailíodh beagnach 2,100 tona dramhchadhnaí iniompair sa bhliain 2011 agus is ionann an ráta bailithe sin agus leibhéal atá os cionn 29% ar figiúr é atá 4% os cionn sprioc na Treorach maidir le Cadhnraí do dheireadh na bliana 2011. I bhFómhar na bliana 2011, críochnaíodh próis chomhairliúcháin phoiblí i leith beartas nua náisiúnta dramhaíola agus i ndáil le struchtúr na margaí bailithe dramhaíola teaghlaigh.

Beartas Aeráide

Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas Náisiúnta Aeráide a fhoilsiú ar an 3 Samhain 2011. Ba é a bhí san athbhreithniú ná stocáireamh, i dtéarmaí an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir le laghdú astaíochtaí chun an sprioc náisiúnta laghdaithe astaíochtaí GHG faoi Phrótacal Kyoto a bhaint amach agus i dtéarmaí na laghduithe níos mó a bhfuil Éire tiomanta ina leith faoi ghealltanais maolaithe an AE don tréimhse suas go dtí an bhliain 2020 mar chuid den trasdul fadtéarmach chuig geilleagar iomaíoch íseal-charbóin. Rinneadh Rialacháin freisin chun foráil a dhéanamh maidir le trasú páirteach Threoir 2009/29/CE i ndáil le leathnú Scéim Trádála Astaíochtaí an AE agus maidir leis na ceanglais oibríochtúla a ghabhann le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 i ndáil le gáis cheaptha teasa fluairínithe áirithe.

Beartas Radaíochta

Lean an Roinn den bheartas baile maidir le saincheisteanna a bhaineann le cosaint raideolaíochta, lena n-áirítear rialú radóin, sábháilteacht núicléach, agus bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí, a chur ar aghaidh. Rinneadh an obair sin i gcomhar leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch agus le comhlachtaí idirnáisiúnta iomchuí amhail an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA). Bhí ionadaíocht ag Éirinn ag an gcomhdháil idirnáisiúnta ar shábháilteacht núicléach a thionóil an IAEA mar fhreagra ar an tionóisc sa tSeapáin. Ina theannta sin, cheadaigh an Rialtas bunú grúpa idirinstiúidigh chun forbairt a dhéanamh ar Straitéis Náisiúnta Rialaithe Radóin d'Éirinn.

Cáilíocht an Aeir

Mar thoradh ar an bhfaireachán a rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus na húdaráis áitiúla, daingníodh go leanann cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh in Éirinn de bheith go maith agus gurb í an cháiilíocht is fearr í san Eoraip. Tugadh isteach Rialacháin nua lena bunáidh uasteorainn 0.7% le haghaidh an chion sulfair i ngual biotúmanach a dhíoltar sa mhargadh cónaitheach. Ceanglaítear leis na Rialacháin freisin nach mór d'oibreoirí pacála guail agus do sholáthróirí breosla clárú leis an EPA. Rinneadh an cosc ar ghual toiteach a leathnú chuig Inis, Baile Átha Luain, Ceatharlach agus Cluain Meala.

Comhar Idirnáisiúnta

Bhí Éire páirteach i 17ú Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide in Durban, an Afraic Theas. Tríd an gComhaontú ar thángthas air ag an gcomhdháil, déantar foráil maidir le forbairt a dhéanamh, faoin mbliain 2015, ar Phrótacal nua (nó ar ionstraim dhlíthiúil eile nó ar thoradh comhaontaithe eile ag a mbeidh feidhm dhlíthiúil) ar Prótacal é a bheidh infheidhme maidir le hiarrachtaí maolaithe na bPáirtithe go léir ón mbliain 2020 amach.

Bhí ionadaíocht ar leibhéal Aire ann ag Coimisiún na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inchothaithe i Nua-Eabhrac i mí Bhealtaine, ag ceithre chruinniú fhoirmiúla de Chomhairle Comhshaoil an AE agus ag dhá Chruinniú Neamhfhoirmiúla. Ar fud na bliana 2011, leanadh den ullmhúchán le haghaidh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa bhliain 2013 agus rinneadh sin i gcomhar le Ranna eile Rialtais, leis an gCoimisiún Eorpach agus le Rúnaíocht Chomhairle an AE.

I mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair, ag cruinnithe Aireachta den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (Earnáil an Chomhshaoil) i mBaile Átha Cliath agus in Ard Mhacha, pléadh bainistiú dramhaíola, dramhaíl neamhdhleathach a aisdúichiú, cur i bhfeidhm Chreat-Treoir Uisce an AE agus tuairisciú agus taighde comhshaoil. Ina theannta sin, leanadh den obair a dhéantar trí Chomhairle na Breataine-na hÉireann (Earnáil an Chomhshaoil) maidir le comhar Thoir Thiar a chur ar aghaidh i ndáil le nithe comhleasa.

Caibidil 4

Rialtas Áitiúil agus Toghchóras

Cuspóir Ardleibhéal

An rialtas áitiúil a mhúnlú agus a fhorbairt, agus tacú leis, chun ionadaíocht éifeachtach éifeachtúil a dhéanamh thar ceann pobal, agus chun fónamh dóibh, go héifeachtach agus go héifeachtúil.

I réimse an Toghchórais, beartas, reachtaíocht agus córais a fhorbairt mar ghnéithe tábhachtacha den athchóiriú ar chúrsaí toghcháin.

Athchóiriú/Nuachóiriú Rialtais Áitiúil

Sa bhliain 2011, rinneadh cur chuige forásach i leith athchóiriú agus forbairt an rialtais áitiúil a ghlacadh de réir an Chláir Rialtais. Rinneadh cinntí chun údarais áitiúla i Luimneach agus i dTiobraid Árann a chumasc agus, sa dá chás, bunaíodh socruithe maidir le cur i bhfeidhm. Ina theannta sin, bunaíodh Coiste Rialtais Áitiúil chun breithniú a dhéanamh i dtaobh an ceart Comhairlí Chathair Phort Láirge agus Chontae Phort Láirge a aontú. Bhí tograí níos leithne beartais i ndáil le hathchóiriú rialtais áitiúil á bhforbairt ag deireadh na bliana.

Rinneadh Grúpa Forfheidhmithe, agus cathaoirleach neamhspleách air, a bhunú i mí Aibreáin chun spreagadh agus formhaoirseacht a dhéanamh i leith chur i bhfeidhm na moltaí atá ann sa Tuarascáil ó Ghrúpa Athbhreithnithe Éifeachtúlacht an Rialtais Áitiúil. Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana maidir lena chuid oibre agus bhí an chéad tuarascáil eatramhach á forbairt ag deireadh na bliana. Rinne grúpa a raibh cathaoirleach neamhspleách air athbhreithniú ar an líon foirne i gComhairle Chathair Bhaile Átha Cliath. Rinneadh tuarascáil agus moltaí an Ghrúpa, mar aon le Plean Fhórsa Saothair Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath 2010-2014, a chur faoi bhráid an Aire i mí Iúil 2011. Bunaíodh grúpa den tsamhail chéanna i mí na Nollag 2011 maidir le leibhéal foirne Chomhairle Chathair Chorcaí.

Thionscain Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath láithreán gréasáin píolótach, Fixyourstreet.ie, chun cabhrú le cónaitheoirí fadhbanna maidir le soilsiúchán sráide, draenáil, graifítí, bailiú dramhaíola agus cothabháil bóithre agus cosán ina gcomharsanachtaí a thuairisciú. Tá léarscáileanna idirghníomhacha ann sa láithreán gréasáin, rud a ligeann d'úsáideoirí suíomh cruinn na faidhbe nó na saincheiste atá á tuairisciú a thaispeáint ar léarscáil ar líne. Rinne Grúpa Athbhreithnithe measúnú agus athbhreithniú ar an tionscadal i rith na céime píolótaí (chun forbairt ar bhonn náisiúnta i rith na bliana 2012 a éascú) agus bhí ionadaíocht ar an nGrúpa sin ag An Roinn, ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag Comhairle Chontae

Bhaile Átha Cliath Theas agus ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

Maoiniú Rialtais Áitiúil

Tá údaráis áitiúla freagrach as raon leathan seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht, bóithre, uisce, forbairt pobail agus rialú comhshaoil. Tá ról acu freisin maidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus maidir le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a limistéar a chur chun cinn. Oibríonn siad in éineacht le raon leathan gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile. Is ionann leibhéal an chaiteachais reatha san earnáil rialtais áitiúil agus léiriú ar an raon an-leathan gníomhaíochtaí údaráis áitiúil. Ba é a bhí sa bhuiséad le haghaidh caiteachais reatha ná €4.7 billiún sa bhliain 2011; soláthraíodh thart ar €1.2 billiún den tsuim sin tríd an gCiste Rialtais Áitiúil.

Agus aird á tabhairt ar an raon leathan nithe a fhearann ar an gcostas nach mór do gach údarás áitiúil a íoc chun seirbhísí a sholáthar, chomh maith leis an ioncam ar féidir leo é a ghiniúint go háitiúil, leanadh den chomhionannú a chur i bhfeidhm i dtéarmaí leithroinnt na ndeontas ilchuspóirí ón gCiste Rialtais Áitiúil do na húdaráis áitiúla.

De bhreis ar an muirear a tugadh isteach sa bhliain 2009 ar chónaí príobháideach neamhphríomha, rinneadh reachtaíocht maidir le muirear nua teaghlaigh €100, a mbeidh feidhm aige sa bhliain 2012, a achtú sa bhliain 2011. Úsáidfear fáltais ón muirear teaghlaigh chun soláthar seirbhísí riachtanacha áitiúla a mhaoiniú. Déanfar tuilleadh leathnaithe ar airgeadas rialtais áitiúil a bhaint amach trí cháin mhaoine chothrom, ar bhonn luachála, a thabhairt isteach ar cáin í a ghlacfaidh ionad an mhuirir eatramhaigh teaghlaigh in am trátha.

Mótarcháin

Ag deireadh na bliana 2011, bhí 2.42 milliún feithicil ar bhóithre na hÉireann, agus ba mhéadú beag an figiúr sin i gcomparáid le figiúr na bliana 2010, is é sin, 2.41 milliún. Ach tháinig laghdú 1.3% ar an ioncam ó mhótarcháin, ó €1,023 mhilliún sa bhliain 2010 go dtí €1,010 milliún sa bhliain 2011.

Éiríonn an laghdú ar ioncam go formhór as an athrú chuig feithiclí lena ngabhann astaíochtaí níos ísle. Tá tabhairt isteach mótarchánach agus cánach cláraithe feithicle atá bunaithe ar astaíochtaí i mí Iúil 2008 tar éis tionchar soiléir a imirt ar iompraíocht tomhaltóirí agus iad ag ceannach feithiclí nua. Faoi dheireadh na bliana 2011, bhí 342,507 bhfeithicil ann sa fhliú CO₂, ar figiúr é sin a fhreagraíonn do chorradh le 18% de na feithiclí go léir a bhfuil cáin íoctha orthu mar fheithiclí príobháideacha. Tá 88.5% de na feithiclí sin sna bandaí CO₂ is ísle, is iad sin, A go C, agus níl ach 11.5% díobh i mBandaí D go G.

Rinneadh na chéad mhéaduithe ar mhótarcháin le trí bliana anuas a fhógairt i mBuiséad 2012 i gcás dioscaí a bhfuil dáta tosach feidhme acu ar

an 1 Eanáir 2012 nó dá éis. B'ionann na méaduithe agus 7.5% i gcoitinne agus bhí méaduithe cothrom-ráta níos airde ann i gcás feithiclí i mbandaí CO₂ A go C. Cé gur ghnách go bhfabhródh ioncam ó mhótarcháin agus ó tháillí ceadúnas tiomána chuig an gCiste Rialtais Áitiúil, déanfar aon ioncam breise a ghintear mar gheall ar na méaduithe a aistriú chuig an Státchiste mar bheart riachtanach i gcomhair laghdú a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta.

Leanadh den mhéadú ar an líon daoine a úsáideann an tsaoráid ar a dtugtar Mótarcháin Ar Líne. I rith na bliana 2011, rinne thart ar 55% de na húinéirí feithicle atá cáilithe chun déanamh amhlaidh cáin a íoc ar líne le haghaidh a gcuid feithiclí (méadú ó 47% sa bhliain 2009 agus 51% sa bhliain 2010). Rinneadh socruithe a thabhairt isteach sa chuid deiridh den bhliain chun a chumasú leas a bhaint as an tseirbhís mótarchánach ar líne i gcás feithiclí tráchtála (thart ar 320,000 aonad) i gcásanna ina bhfuil siad clúdaithe le deimhniú ródacmhainneachta reatha. Ciallaíonn leathnú na seirbhíse go bhfuil an tseirbhís mótarchánach ar líne ar fáil don chuid is mó úinéirí feithicle anois.

Córas na Leabharlann Poiblí

Lean an Roinn, i gcomhar le húdaráis leabharlainne agus leis an gComhairle Leabharlanna, den chlár infheistíochta caipitiúla a chur i bhfeidhm i ndáil le forbairt chóras na leabharlann poiblí. De bhreis ar *Branching Out – Future Directions*, soláthraíodh €6.3 milliún do 24 údarás áitiúil sa bhliain 2011 faoin gclár caipitiúil do leabharlanna poiblí.

Rinneadh maoiniú €180,000 a leithroinnt i gcomhair íocaíochtaí le húdair faoin Scéim Cópchirt agus Ceart Gaolmhar. Cinntíonn an scéim sin go dtugtar luach saothair d'údair cáilithe a dtugann leabharlanna poiblí a gcuid leabhar ar iasacht.

Gníomhaireachtaí

I rith na bliana 2011, rinneadh tuilleadh beart i ndáil le clár réasúnaithe gníomhaireachtaí na Roinne a fhógairt mar bheart chun an líon foriomlán gníomhaireachtaí a laghdú ó 21 go 12.

Baineadh amach coigilteas foriomlán thart ar €1.9 milliún sa phróiseas réasúnaithe gníomhaireachtaí agus is ceart go dtiocfaidh méadú suntasach ar an bhfigiúr sin. Tá sé i gceist go dtitfidh an líon foirne sna gníomhaireachtaí go 712 faoin mbliain 2015 i gcomparáid leis an bhfigiúr a bhí ann ag deireadh na bliana 2008 – is ionann sin agus laghdú 239 (25%).

Déanfar an Chomhairle Leabharlanna a dhíscaoileadh agus déanfar aon fheidhmeanna tábhachtacha iarmharacha a ghlacadh isteach sa Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

Déantar réasúnú ar fheidhmeanna trí Ghníomhaireacht sa Ghníomhaireacht Tithíochta agus Pobal Inchothaithe.

Tá an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil á gcumasc agus tabharfar an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ar an gcomhlacht nua.

Déanfar Gníomhaireachtaí Athghiniúna Luimnigh Thuaidh agus Theas a ionadú trí fhorbairt a dhéanamh ar shocruithe nua bainistíochta i gcomhthéacs chumasc Chomhairle Chathair Luimnigh agus Chomhairle Chontae Luimnigh.

Leis an mBille um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2011, beartaítear an Bord um Chuntais Dhíomhaoine a dhíscaoileadh.

Bainistiú Acmhainní Daonna Údarás Áitiúil agus Comhaontú na Seirbhíse Poiblí

Glacann an Roinn páirt i gCoiste Forfheidhmithe na nÚdarás Áitiúil mar chuid de Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh). De bharr bhainistiú agus chur i bhfeidhm an mhoratóra agus na laghdaithe foirne, tá laghdú 7,500 tagtha, sa tréimhse ón mbliain 2008 go dtí an bhliain 2011, ar an líon foirne, i dtéarmaí coibhéise lánaimseartha, atá fostaithe san earnáil rialtais áitiúil. I rith na bliana 2011, rinneadh laghdú 1,198 ar líon foirne na n-údarás áitiúil i dtéarmaí coibhéise lánaimseartha.

Rinne na húdaráis áitiúla coigilteas €161 mhilliún sa chéad tréimhse tuairiscithe faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh – suas go dtí Márta 2011. Nuair a dhéantar miondealú ar an gcoigilteas, is ionann an coigilteas a rinneadh ar chaiteachas pá agus ar chaiteachas neamhphá. Rinneadh costais eile, ar €61 mhilliún a méid, a sheachaint sa tréimhse sin.

I bhfianaise leibhéal an laghdaithe ar an líon foirne, ní hionadh ar bith é gur éirigh an chuid is mó den choigilteas, go háirithe i dtéarmaí pá, as athstruchtúrú agus as tionscnaimh tháirgeachta agus feidhmíochta. Toradh oibre tábhachtach faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh is ea nach mór don fhoireann atá fágtha tar éis imeacht daoine den fhoireann obair na ndaoine sin a ghlacadh chucu féin agus nach mór seirbhísí a choimeád ar bun. I dtaca leis sin de, lean na húdaráis áitiúla de sheirbhísí poiblí ardchaighdeáin a sholáthar trí réasúnú iostaí agus ranna agus trí cleachtais nua oibre, uainchláir nua agus tionscnaimh nua eile a thabhairt isteach chun déileáil leis an laghdú ar líon na foirne.

Mar chuid de thionscnamh níos leithne chun fostaíocht a chur chun cinn agus chun tacú le fiontair áitiúla, tá údaráis áitiúla bainteach go gníomhach le cuid mhór scéimeanna oiliúna don mhargadh saothair. Sa bhliain 2011, bhí tuairim is 1,000 rannpháirtí páirteach i mbearta gníomhachtúcháin a bhí á

reáchtáil ag údaráis áitiúla faoin tionscnamh JobBridge, faoi Scéimeanna Fostaíochta Pobail agus faoin gClár um Printísigh Iomarcaíocha.

Pleanáil Dóiteáin agus Éigeandála

Sa bhliain 2011, rinne an Stiúrthóireacht Náisiúnta do Bhainistiú Dóiteáin agus Éigeandála, trína Bord Bainistíochta agus trína Coiste Comhairleach, a gealltanais a choimeád ar bun maidir le feabhas leanúnach seirbhíse a bhaint amach agus béim ar leith ar shábháilteacht le linn oibríochtaí seirbhísí dóiteáin.

Ba ábhar tosaíochta i gcónaí é i rith na bliana Bainistiú Mór-Éigeandálaí. Rinneadh an Creat Mór-Éigeandálaí a uasdátú i bhfianaise na taithí a bhí faighte le linn an Creat a chur i bhfeidhm.

Rinneadh an taithí a bhí faighte ar thrí cinn de fhreagairtí ar dhroch-aimsir a thuairisciú sa bhliain 2011 sa tuarascáil faoi athbhreithniú a rinneadh - *Towards Integrated Emergency Management "Review of the Response to the Severe Weather Events*.

Déantar tuilte mhí na Samhna 2009, an aimsir fíor-fhuar in Eanáir 2010 agus i mí na Samhna/Nollag 2010 a chlúdach sa Tuarascáil. Thacaigh Tasc-Fhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála leis an Tuarascáil agus tá conclúidí inti i dtaobh cad a d'oibrigh go maith agus tá moltaí inti atá bunaithe ar an méid a foghlaimíodh.

Is ábhar tosaíochta é sláinte agus sábháilteacht comhraiceoirí dóiteáin túsline. Sa bhliain 2011, rinne an Stiúrthóireacht Náisiúnta tuilleadh dul chun cinn maidir lena clár pleanáilte i ndáil le Treoirínte Caighdeánacha Oibríochta (TCO-anna) a eisiúint mar threoir d'údaráis dóiteáin i dtaca le saincheisteanna oibríochtúla de chineálacha éagsúla.

Ina theannta sin, bhainistigh an Stiúrthóireacht forbairt an Chláir Lárnaigh Oiliúna trí 14 ócáid a éascú, lena n-áirítear cúrsaí agus seimineáir mar fhorlíonadh ar oiliúint áitiúil. Is ionann an clár sin agus múnla éifeachtúil le haghaidh soláthair seirbhísí mar go gcuirtear cúrsaí 'Oiliúint don Oiliúnóir' ar fáil ar bhonn réigiúnach agus, ar an dóigh sin, áiríthítear comhsheasmhacht ar fud na seirbhíse i dtaca le cur chuige de.

Chun feasacht a mhéadú ar thábhacht na sábháilteachta dóiteáin, rinneadh feachtas uile-oileáin maidir le sábháilteacht dóiteáin a sheoladh i mí Dheireadh Fómhair 2011 i gcomhar le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann agus rinneadh amhlaidh i rith Sheachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin.

Mar chuid den mhaoiniú caipitiúil €12.25 milliún a fuarthas i rith na bliana, osclaíodh stáisiúin nua dóiteáin i mBaile Mhuineacháin, i mBaile an Mhóta, i mBéal Tairbirt agus i Meathas Troim, chomh maith le saoráid oiliúna a oscailt

in Inis. Ina theannta sin, rinneadh 23 fhearas nua dóiteáin a sheachadadh ar na húdaráis dóiteáin.

An Toghchóras

Tá trí phríomhfhoráil ann san Acht Toghcháin (Leasú) 2011 a achtaíodh ar an 25 Iúil 2011. Déantar foráil leis maidir le hamteorainn sé mhí i ndáil le corrthoghcháin a thionól chun folúntais Dála a líonadh, maidir le laghdú ar chaiteachas agus ar na teorainneacha aisíocaíochta i dtoghchán Uachtaráin agus maidir le hathrú i dtéarmaí tagartha Coimisiún um Thoghlaigh a mbeidh sainordú aige, amach anseo, chun dáilcheantair a mholadh atá bunaithe ar líon comhaltaí laistigh den raon ó 153 go 160.

Bunaíodh Coimisiún um Thoghlaigh ar an 27 Iúil 2011 chun tuarascáil i ndáil leis na dáilcheantair i gcás comhaltaí a thoghadh do Dháil Éireann agus i ndáil leis na toghlaigh i gcás comhaltaí a thoghadh do Pharlaimint na hEorpa a thabhairt do Chathaoirleach Dháil Éireann laistigh de 3 mhí ón tráth a bhfoilsítear torthaí deiridh Dhaonáireamh 2011.

Bhí roinnt toghchán ann sa bhliain 2011 – Olltoghchán Dála i bhFeabhra 2011; Olltoghchán Seanaid in Aibreán 2011; Toghchán Uachtaráin; Fothoghchán Dála i mBaile Átha Cliath Thiar; agus dhá Reifreann i mí Dheireadh Fómhair 2011. Bhí an Roinn freagrach as a chinntiú go raibh an creat riachtanach reachtaíochta agus socruithe oibríochtúla eile i bhfeidhm le haghaidh na dtoghchán agus na reifreann sin. Ina theannta sin, thug an Roinn an tacaíocht riachtanach don Cheann Comhairimh i gcás an Toghcháin Uachtaráin agus i gcás na Reifreann.

Leis an mBille Toghcháin (Leasú)(Maoiniú Polaitíochta) 2011 a foilsíodh ar an 15 Nollaig 2011, déantar foráil maidir le srianadh síntiús polaitíochta corparáideach, maidir le clár síntiúsóirí corparáideacha a bhunú, maidir le laghdú ar na tairseacha i gcomhair síntiús polaitíochta agus maidir le dearbhú na síntiús sin, agus tá ceanglas ann á rá nach mór do pháirtithe polaitíochta cuntais airgeadais a ullmhú lena gcur faoi bhráid an Choimisiún um Chaighdeáin in oifigí Poiblí lena bhfoilsíú. Tá beart ann sa Bille chun an maoiniúchán Stáit do pháirtithe polaitíochta a ghearradh ina leath más rud é, i gcás a gcuid iarrthóirí sa chéad olltoghchán eile, nach mná iad 30% ar a laghad díobh agus nach fir iad 30% ar a laghad díobh. Táthar chun an figiúr sin a mhéadú go 40% seacht mbliana ó thosach feidhme na forála.

Lean an Roinn de thacú le hobair an Tascfhórsa ar Scor an Tionscadail Vótála leictreonaí agus Comhairimh Leictreonaigh. I mí na Nollag 2011 cuireadh bailchríoch ar dhréacht-larraidh ar Thairiscintí chun an trealamh a dhíol agus/nó a aisghabháil agus foilseofar an larraidh sin i mí Eanáir 2012.

Caibidil 5

Pobail agus Forbairt Tuaithe

Cuspóir Ardleibhéil

Forbairt chomhtháite a éascú ar leibhéal áitiúil agus pobail bheoga, inchothaithe uilechuimsitheacha a chothú; tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach sa rannchuidiú a thugann sé do shochaí ghníomhach, dhaonlathach, iolraíoch.

Forbairt Tuaithe

Clár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2007-2013 (Aiseanna 3 & 4)

Is é atá i bpríomhaidhmeanna Aiseanna 3 & 4 den Chlár Forbartha Tuaithe (RDP) ná feabhas a chur ar cháilíocht na beatha i limistéir tuaithe agus éagsúlú an gheilleagair tuaithe a éascú. Sa bhliain 2011, rinneadh caiteachas os cionn €47m a thaifeadadh i leith an Chláir, rud a thug an caiteachas iomlán faoin gclár chuig €112m. Soláthraíodh maoiniú do raon tionscadal nuálach agus inchothaithe ar fud na tíre. San iomlán, maoiníodh thart ar 2,000 tionscadal. De bharr an mhaoiniúcháin sin, leanadh de thacaíocht luachmhar a sholáthar do phobail tuaithe a bhfuil timpeallacht eacnamaíochta an-deacair ag fearadh orthu.

Lean an tacaíocht do mhicrifhiontair de bheith ina cuid thábhachtach den Chlár trínar tugadh tacaíocht i ndáil le forbairt 1,644 fhiontar agus i ndáil le cruthú 634 phost lánaimseartha. Sa bhliain 2011, leanadh den infheistiúocht i dtionscadail bheagscála i sráidbhailte agus i mbailte beaga agus fuair 658 n-ionad, idir shráidbhailte agus phobail, tairbhe ó oibreacha feabhsúcháin caipitiúla.

Áineas Tuaithe

Rinne an Roinn athbhreithniú ar ról agus ar fheidhmeanna na nOifigeach Áineasa Tuaithe a thabhairt i gcrích sa bhliain 2011. Úsáideadh an t-athbhreithniú sin le linn conarthaí nua a chomhaontú le Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (RDPanna), lena n-áirítear leathnú a dhéanamh, ar bhonn feidhme agus ar bhonn geografach araon, ar a gcuid cúraimí maidir le raon seirbhísí áineasa tuaithe a sholáthar thar ceann na Roinne. Cuireadh conarthaí nua i bhfeidhm le 12 RDP chun raon seirbhísí áineasa tuaithe a sholáthar, lena n-áirítear cur i bhfeidhm chuspóirí iomchuí na Straitéise Náisiúnta maidir le hÁineas Tuaithe.

Bhain an Roinn comhaontú amach chun forbairt a dhéanamh ar phlean náisiúnta i gcomhair áineasa taobh amuigh ar thailte faoi úinéireacht an Stáit agus rinneadh dul chun cinn freisin, i gcomhar leis na príomh-gheallsealbhóirí, maidir leis an Straitéis do Rothair Shléibhe.

An Coimisiún um Fhorbairt an Iarthair (WDC)

Tá an WDC freagrach as oibriú Chiste Infheistíochta an Iarthair (WIF) trína ndéantar rannchuidiú le forbairt an réigiúin trí infheistíocht a dhéanamh, ar mhodh cothromais nó iasachtaí, i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) agus i bhfiontair phobail chun tacú le forbairt gnó agus le fostaíocht. Sa bhliain 2011, rinne an WDC cistí infheistíochta, a raibh €0.685m ann, a sholáthar do 7 bhfiontar sa réigiún, rud a thug an infheistíocht iomlán faoin WDC go dtí beagnach €38m. Táthar tar éis €6m den tsuim sin a thabhairt ar ais don WDC mar ús ar infheistíochtaí roimhe seo agus rinneadh an méid sin a ath-infheistiú i bhfiontair eile sa réigiún. Is é 1,434 an líon daoine atá fostaíthe faoi láthair i bhfiontair a fhaigheann tacaíocht ón WDC.

CLÁR

Sa bhliain 2011, rinne an Clár dar teideal CLÁR infheistíocht €0.348m trínar tugadh tacaíocht do 64 thionscadal chaipitiúla spóirt, do 24 thionscadal Gaeltachta & Pobail, do 38 Scéim Leictrithe Feirme agus do 2 thionscadal bonneagair Uisce agus Séarachais. Tá an Clár seo á fhoirceannadh.

An Ciste Forbartha Tuaithe (RDF)

Rinne an RDF €0.116m a sholáthar i gcomhair comhordaitheoirí a fhostú do dhá thionscadal – Tionscadal Athghiniúna Chluain Eois agus Tionscnamh Sóisialta CLG. Baineann na nithe sin le clár oibre forbartha pobail agus le gníomhaíocht phiólótach trína n-éascófar deiseanna rannpháirtíochta a thabhairt an athuair do phobail leithlisithe.

Forbairt Áitiúil/Seirbhísí Rialtais Áitiúil

Ailíniú Rialtais Áitiúil agus Forbartha Áitiúla

Rinneadh Grúpa Stiúrtha ardleibhéil a cheapadh i Meán Fómhair 2011 chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le roghanna atá ar fáil chun feabhas a chur ar an ailíniú idir cláir agus feidhmeanna rialtais áitiúil agus cláir agus feidhmeanna forbartha áitiúla d'fhonn an méid seo a leanas a bhaint amach:

- feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí don saoránach;
- Éifeachtúlacht agus éifeachtacht níos mó a bhaint amach i dtaca le soláthar clár; agus
- Feabhas a chur ar ról an rialtais áitiúil maidir le soláthar clár agus idirghabhálacha forbartha, idir chláir agus idirghabhálacha áitiúla agus chláir agus idirghabhálacha phobail.

D'ullmhaigh an Grúpa Tuarascáil Eatramhach i mí na Nollag 2011 agus tugadh achoimre inti ar a chuid réamhchinntí agus réamhchonclúidí.

Cláir a fhaigheann maoiniú ón AE

Lean an Roinn dá tacaíocht do roinnt clár cómhaoinithe AE faoi chlár-bhabhta 2007-2013. Áiríodh sa tacaíocht sin soláthar maoiniúcháin faoi PEACE III (An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas) agus faoi INTERREG IVA (Clár Comhair Críche Trasteorann do Thuaisceart Éireann, do Réigiún Teorann na hÉireann agus d'Iarthar na hAlban). Rinneadh deontais iomlána €14.87m (PEACE) agus €1m (INTERREG) a sholáthar do thionscadail cheadaithe tríd an gComhlacht um Chláir Speisialta AE.

Soláthraíodh tacaíocht ina raibh thart ar €1.2m faoi Scéim na nDeontas Caipitiúil Sóisialta agus Pobail chun forbairtí caipitiúla sainaitheanta a mhaoiniú. Tá na tionscadail sin, a sholáthraítear trí údarás áitiúla, ceaptha chun feabhas a chur ar phobail, aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste agus feabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta ar leibhéal áitiúil.

An tAcht um Bunachais Pórúcháin Madraí

Sa bhliain 2011, rinneadh an obair ullmhúcháin i gcomhair thosach feidhme an Achta um Bunachais Pórúcháin Madraí 2010 a bhí le teacht i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2012. Leis an Acht sin, déantar foráil nach mór do gach bunachas pórúcháin madraí clárú leis an údarás áitiúil iomchuí agus déantar foráil leis, inter alia, go gcomhlíonfaidh siad caighdeáin íosta tréidliachta agus leasa agus caighdeáin íosta eile.

Sábháilteacht Uisce na hÉireann

Lean an Roinn de mhaoiniú Shábháilteacht Uisce na hÉireann chun tacú lena ról reachtúil maidir le sábháilteacht uisce a chur chun cinn in Éirinn. Ceapadh Comhairle agus Cathaoirleach nua i mí na Samhna 2011.

An Clár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (LCDP)

Is é is aidhm don LCDP ná dul i ngleic leis an mbochtaine agus leis an eisiámh sóisialta trí chomhpháirtíocht agus trí theagmháil chomhchiallach idir an Rialtas, agus a chuid gníomhaireachtaí, agus daoine i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste. Leanann sé de thacaíocht agus spreagadh a thabhairt do dhaoine deonacha mar gurb iad sin is mó a n-éiríonn leo i bpobail. Sa bhliain 2011, caitheadh maoiniú os cionn €62m ar an LCDP thar raon beart éagsúil. Ba é a bhí i bpríomhthosaíochtaí an chláir sa bhliain 2011 ná méadú a dhéanamh ar ullmhacht daoine le haghaidh oibre agus ar a gcuid deiseanna fostaíochta agus méadú a dhéanamh ar rochtain ar ghníomhaíochtaí agus ar acmhainní foirmiúla agus neamhfoirmiúla i réimsí an oideachais, na háineasa agus an chultúir.

De réir na bhfigiúirí sealadacha le haghaidh thorthaí an LCDP sa bhliain 2011, taispeántar:

- go raibh teagmháil ag thart ar 38,614 aosach leis an LCDP e.g. fuarthas comhairle agus faisnéis;
- go bhfuair thart ar 38,702 duine tacaíocht dhíreach e.g. fuarthas tacaíochtaí díreacha 'duine le duine', meantóireacht, oiliúint agus tacaíochtaí fostaíochta;

- gur tugadh tacaíocht do 6,306 duine maidir le dul i mbun fostaíochta nó féinhostaíochta;
- gur cuireadh 8,009 duine ar aghaidh chuig oiliúint mhargaidh saothair mar thoradh ar idirghabháil LCDP;
- gur ghlac 7,926 duine páirt i ngníomhaíochtaí oideachais;
- gur tugadh tacaíocht do 3,995 grúpa pobail áitiúla; agus
- go bhfuair 61,819 duine, idir daoine óga agus leanaí, tacaíocht ón gclár nó go raibh teagmháil acu leis trí ghníomhaíochtaí óige LCDP.

Rinneadh an Próiseas Comhtháthaithe Tionscadal Forbartha Pobail a thabhairt chun críche sa bhliain 2011; ach tá roinnt cásanna ann a bhfuil saincheisteanna teicniúla/dlíthiúla le réiteach fós ina leith.

Aonaid Uilechuimsitheachta Sóisialta

Rinne an Roinn thart ar €0.629m a sholáthar d'údarais áitiúla i leith sholáthar airgeadais 50% na Roinne dá nAonaid Uilechuimsitheachta Sóisialta.

Tacaíochtaí don Earnáil Pobail agus don Earnáil Dheonach:

Scéim chun tacú le hEagraíochtaí Náisiúnta Pobail & Deonacha

Cuireadh tús le scéim nua i mí Iúil 2011. Soláthróidh sí maoiniú tuairim is €4m sa bhliain do 64 eagraíocht chun na croíchostais tuarastail agus na forchostais ghaolmhara a chlúdach sa tréimhse 2012-2015.

Obair Dheonach

Rinne an Roinn formhaoirsiú ar chumasc *Volunteer Centres Ireland* agus *Volunteering Ireland*, chun *Volunteer Ireland* a chruthú. Ar an dóigh sin, éascaíodh soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí a bheadh níos sruthlínithe agus níos comhleanúnach. Tá os cionn 300 eagraíocht deonach ann in *Volunteer Ireland* agus is comhlacht ionadaitheach agus gníomhaireacht tacaíochta é do na hIonaid Oibre Deonaí áitiúla ar fad atá ann in Éirinn. Rinneadh maoiniú €2.1m a sholáthar freisin do 21 ionad oibre deonaí ar fud na tíre.

Comhpháirtíocht Shóisialta

Faoin Scéim i gcomhair maoiniúcháin atá bainteach le Comhpháirtíocht Shóisialta don Cholún Pobail agus Deonach, soláthraíodh €0.54m do 16 eagraíocht Chomhpháirtíochta Sóisialta chun íoc as costais a bhaineann go díreach lena rannchuidiú le déanamh beartas i bpróiseas na comhpháirtíochta sóisialta.

Na Bailte Slachtmhara

Bhí 53ú comórtas na mBailte Slachtmhara ann sa bhliain 2011 agus bhí os cionn 820 iontráil ann. Ba é Cill Airne, Contae Chiarraí Buaiteoir foriomlán an Ghradaim Náisiúnta.

Ba iad iontrálaithe na hÉireann sa chomórtas gradamach dar teideal *Entente Florale* Cúil an Ghabhann, Contae Chorcaí, agus Droichead Átha, Contae Lú, agus ghnóthaigh siad bonn óir agus bonn airgid faoi seach.

De bhreis air sin, ghnóthaigh Baile an Tallúnaigh, Contae Lú, an Comórtas Idirnáisiúnta sa chatagóir daonra bhig ag seisiún 2011 de *Communities in Bloom*, agus fuair siad an rátáil uasta *5 Bloom*.

Scéim Foláirimh do Sheanáirí

Tríd an scéim seo tugtar cúnaimh deontais do ghrúpaí chun alármais phearsanta a ndéantar faireachán orthu agus trealamh foghabhálach slándála a sholáthar chun a chumasú do dhaoine atá os cionn 65 bliana d'aois agus atá ina gcónaí ina n-aonar fanacht sábháilte ina dtithe féin. Sa bhliain 2011, soláthraíodh beagnach €2.5m do 514 grúpa, idir ghrúpaí pobail agus ghrúpaí deonacha, a sholáthraíonn trealamh slándála do níos mó ná 7,900 duine scothaosta.

Ciste na gCuntas Díomhaoin

Tugtar tacaíocht do thrí chatagóir leathana daoine le heisiócaíochtaí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin:

- daoine a bhfearann míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta orthu;
- daoine a bhfearann míbhuntáiste oideachasúil orthu; agus
- daoine faoi mhíchumas.

I rith na bliana 2011, rinneadh eisiócaíochtaí €8.4m thar Ranna éagsúla Rialtais agus gníomhaireachtaí, lena n-áirítear €1.44m ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

De bhreis air sin, d'fhoilsigh an Roinn Bille chun an Bord um Chuntais Dhíomhaoin a dhíscaoileadh agus chun feidhmeanna an Bhoird a aistriú chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

RAPID

Is é atá i gClár RAPID (Limistéir a Athbheochan trí Phleanáil, trí Infheistíocht agus trí Fhorbairt) ná tionscnamh saindírithe Rialtais trína ndírítear ar 51 cheann de na limistéir uirbeacha is mó a bhfearann míbhuntáiste orthu. Is é is aidhm dó ná a chinntiú go dtugtar tús áite do dhul i ngleic le comhchruinniú spásúil na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta sna limistéir sin trí acmhainní Stáit atá ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta a dhíriú orthu.

Bhí an caiteachas faoi RAPID sa bhliain 2011 níos mó ná €3.8m. Áirítear sa tsuim sin íocaíocht beagnach €1.6m le húdaráis áitiúla i gcomhair na gcostas a ghabhann le fostú 46 comhordaitheoir áitiúla RAPID.

An Fóram ar Dhaonchairdeas agus ar Bhailiú Cistí

Rinne an Roinn an Fóram ar Dhaonchairdeas & ar Bhailiú Cistí a ationól sa bhliain 2011. Leathnaigh an Fóram a chomhdhéanamh agus a ról chun go mbeadh bailiú cistí i gceist leis. Thíolaic sé tuarascáil don Aire, ar tuarascáil í ina raibh moltaí maidir le méadú a dhéanamh ar an earnáil ó €500 milliún go €800 milliún sa bhliain faoin mbliain 2016 agus maidir le méadú a dhéanamh ar fhostaíocht i bpobail áitiúla trí caipitiúil sóisialta a chur ar bun.

Níor soláthraíodh aon bhuiséad chun tacú le daonchairdeas agus bailiú cistí i rith na bliana 2011; déanfar €1.1m a sholáthar sa bhliain 2012, áfach, chun tacú le cur i bhfeidhm mholtaí an Fhórait.

Caibidil 6

Pleanáil

Cuspóir Ardleibhéil

Creat feabhsaithe beartais agus reachtaíochta a sholáthar chun fás inchothaithe eacnamaíoch a chur chun cinn chomh maith le forbairt chothrom na réigiún, agus cód láidir pleanála á chomhlíonadh.

Beartas agus Reachtaíocht Pleanála

Rinneadh soláthar beartais pleanála atá bunaithe ar phleananna trína gcinntítear go mbíonn torthaí maithe pleanála ann a neartú tuilleadh trí fhorálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 a chur i bhfeidhm go leanúnach mar a leanas:

- cur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann leis an bpróiseas pleanála don todhchaí, arb é atá ann croí-straitéisí atá bunaithe ar fhianaise a ghlacadh ar bhonn leanúnach i bpleananna forbartha áitiúla chun go mbeidh níos mó comhsheasmhacht ann idir pleananna ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil agus chun go mbeidh torthaí pleanála inchothaithe ann. Beidh sé sin mar thaca i ndáil le cur chuige plean-bhunaithe i leith na forbartha agus, dá bhrí sin, tabharfar tacaíocht do gheilleagair áitiúla trí bhonneagar tábhachtach cumasúcháin a sholáthar i gcomhréir le cuspóirí na bPleananna Forbartha Cathrach agus Contae;
- rinneadh Codanna substaintiúla de na hAchtanna um Pleanáil a chur i bhfeidhm – Cuid XA (próiseas toilithe ionaid) agus Cuid XAB (measúnacht chuí ar phleananna agus ar thionscaddail) agus alt nua 261A (cairéil a rialáil tuilleadh);
- Soláthraíodh seimineáir oiliúna do chomhaltaí tofa, ar oiliúint í faoin reachtaíocht uasdátaithe pleanála agus forbartha agus í dírithe go háirithe ar ghlacadh chroí-fhorálacha straitéise na bpleananna forbartha ag na comhaltaí, ar mheasúnú cuí faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus ar phróiseas an toilithe ionaid faoi Acht 2010;
- teagmháil leantach le hÚdaráis Réigiúnacha agus le hÚdaráis Áitiúla, lena n-áirítear trí Choiste Stiúrtha Náisiúnta na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí ar chur i bhfeidhm na dTreoirlínte maidir le Pleanáil Réigiúnach 2010-2022 agus teagmháil leantach le Coiste Pleanála agus Úsáide Talún agus Iompair Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach ar nithe leanúnacha a bhaineann le pleanáil.

Ina theannta sin, rinneadh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 a leasú tuilleadh leis an Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011 agus le Rialacháin AE; cuireadh Rialacháin shubstantiúla thánaisteacha i bhfeidhm freisin, lena n-áirítear Rialacháin chun leasú a dhéanamh ar na forálacha a bhaineann le forbairt dhíolmhaithe (go páirteach mar fhreagra ar chinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais Eorpach (ECJ)).

Rinneadh na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) (Leasú) a chur i bhfeidhm mar fhreagra ar Shárú AE Uimh. 2007/2166 maidir le comhlíonadh ar thaobh na hÉireann i dtaca le trasuí na Treorach Straitéisí um an gComhshaol (SEA) 2001/42/CE maidir le measúnú na héifeachtaí atá ag pleananna agus cláir áirithe ar an gcomhshaol.

Rinneadh an tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011 agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Meastachán Tionchar Timpeallachta agus Gnáthóga) 2011 – lenar leasaíodh an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 – a thabhairt i bhfeidhm.

Rinneadh na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 2) 2011 – lenar leasaíodh na forálacha Forbartha Díolmhaithe de na Rialacháin – a chur i bhfeidhm.

Rinneadh na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3) 2011 - lena ndearnadh foráil maidir le nithe a bhaineann le nós imeachta agus riarachán i ndáil le Cuid XA (próiseas an toilithe ionaid) agus Cuid XAB (measúnú cuí ar phleananna agus ar thionscadail) de na hAchtanna um Pleanáil – a chur i bhfeidhm.

Treoirínte maidir le Pleanáil

Rinneadh dréacht-Treoirínte Pleanála Miondíola a fhoilsiú i gcomhair comhairliúcháin phoiblí, agus iad dírithe ar a chumasú don chóras pleanála ról tábhachtach a bheith aige maidir le hiomaíochas a áirithiú san earnáil mhiondíola, ar fheabhas a chur ar na roghanna do thomhaltóirí agus, ag an am céanna, ar bheocht agus inmharthanacht lár cathracha agus bailte móra a chur chun cinn agus tacú leo, ar rannchuidiú le caighdeán ard i dtaca le dearadh uirbeach agus ar spreagadh a thabhairt i leith tuilleadh úsáide a bhaint as iompar inchothaithe. Rinneadh Staidéar de chuid Forfás dar teideal [Review of the Economic Impact of the Retail Cap](#) (Aibreán 2011) a ullmhaíodh don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus don Roinn seo, a chur i gcuntas sna dréacht-Treoirínte. Rinneadh an staidéar mar chuid de théarmaí chlár an AE/IMF um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn. I gcomhthráth le pleananna chun bailchríoch a chur ar na Treoirínte, leanadh den ullmhúchán i ndáil le Lámhleabhar tionlacain neamhreachtúil maidir le Dearadh Miondíola chun cabhrú le húdarais pleanála agus le hiarratasóirí ionchasacha araon i dtaca le saincheisteanna a bhaineann le dearadh agus le measúnú ar bheocht agus ar inmharthanacht lár cathracha agus bailte móra.

Cuireadh bailchríoch ar Threoirínte d'Údaráis Pleanála maidir le hAlt 261A (cairéil a rialáil tuilleadh) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2011 agus soláthraíodh seimineáir oiliúna d'údaráis pleanála.

Foilsíodh dréacht-Treoirínte d'Údaráis Pleanála maidir le Siltean agus Míntíriú Bogach.

Leanadh den obair chúlra i ndáil le hullmhú roinnt treoirínte eile pleanála agus lámhleabhar gaolmhar d'fhonn iad a fhoilsiú amach anseo, is é sin le rá, tá bailchríoch le cur ar Threoirínte Pleanála Spásúla agus Bóithre Náisiúnta, Treoirínte maidir le Plean Limistéir Áitiúil agus Lámhleabhar tionlacain neamhrechtúil ar Dhea-Chleachtais a mbeidh comhairliúchán poiblí ann ina leith in am trátha.

Caibidil 7

Met Éireann

Cuspóir Ardleibhéil

Monatóireacht, anailís agus réamhaisnéis a dhéanamh ar aimsir agus ar aeráid na hÉireann agus raon seirbhísí meitéareolaíocha ardchaighdeáin bunaithe ar úsáid éifeachtach a bhaint as saineolas eolaíoch agus teicniúil.

An Rannóg Réamhaisnéise

Lean an Rannóg Réamhaisnéise dá phríomhthasc de raon leathan seirbhísí réamhaisnéise agus rabhaidh a sheachadadh trína oifigí i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath; Aerfort na Sionainne, Co. an Chláir agus RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath.

Bhí Rabhaidh Ghála (rabhaidh faoi ghaoithe Fórsa 8 Beaufort nó níos láidre i gceantair eischósta) i bhfeidhm os cionn uiscí cósta agus/nó Muir Éireann i rith na bliana ar 163 lá ar fad, agus bhí Rabhaidh d'Árthaí Beaga (rabhaidh faoi ghaoithe Fórsa 6 Beaufort nó níos láidre) ar uiscí suas le 10 muirmhíle amach ón gcósta i bhfeidhm ar 289 lá ar fad.

Bhí Rabhaidh faoi Dhrochaimsir i bhfeidhm ar 16 lá agus eisíodh rabhaidh sonracha breise faoi thosca aimsire faoi leith mar a

Rabhaidh Sonracha	An líon laethanta i bhfeidhm
Teocht Ard	0
Sioc / Teocht Íseal	5 / 54
Báisteach	37
Sneachta	6
Toirneach	75
Gaoth	77
Tosca D'Aicíd Dhubh	50
Rabhaidh d'Árthaí Beaga	289
Rabhaidh Ghála	163
Rabhaidh faoi Fhíor-Dhrochaimsir	16

léirítear go hachomair sa tábla thuas. Lean an Rannóg ar aghaidh ag freastal ar rannpháirtíocht Met Éireann sa chóras láithreánbhunaithe ar fud na hEorpa ar a dtugtar Meteoalarm, córas a thugann rabhaidh faoi thosca sonracha fíor-dhrochaimsire ar fud na hÉireann agus timpeall uirthi.

Tugann an Rannóg réamhaisnéisí laethúla, ag breathnú cúig lá chun cinn, do cheithre cheantar in Éirinn, don Chóras Domhanda um Fhaisnéis Aimsire, arna chomhordú ag an Eagraíocht Mheitéareolaíoch Dhomhanda. Cuireann an tairseach faisnéise aimsire láithreánbhunaithe sin rochtain éasca ar réamhaisnéisí agus ar rabhaidh chríochnaitheacha agus oifigiúla a bhailítear ó Sheirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíocha ar fud an domhain ar fáil.

Bhí baill foirne ón Rannóg páirteach i gcleachtaí allamuigh leis an Airm, go luath i 2011, i gCalafort Bhaile Átha Cliath agus ag bunáit an Airm sa

Churrach, maidir le heachtraí ionchasacha ceimiceacha, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléacha (CBRN). Thug ionadaithe ón Oifig um Pleanáil Éigeandála cuairt ar an gceanncheathrú i mí Feabhra. Bhí cruinniú acu leis an Rannóg agus bhreithnigh siad na hoibríochtaí réamhaisnéise.

Ullmhaíodh agus tugadh réamhaisnéisí speisialta i ndáil leis na cuairteanna ón Uachtarán Obama agus ón mBanríon Eilís i mí Bealtaine. Níos faide amach sa bhliain, bhí an Rannóg páirteach i seimineár/cleachtadh lae arna chomhordú ag an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) faoin éifeacht a bhí ag sneachta trom ar mhótarbhealach an M50 thart ar Bhaile Átha Cliath.

Le linn 2011, d'fhreastail baill foirne ón Rannóg ar chruinnithe le Tascfhórsa an Rialtas ar Phleanáil Eigeandála (a chríochnaigh le seoladh an fheachtais *Winter-Ready* (Bí Réidh don Gheimhreadh) i mí na Samhna), leis an nGrúpa Oibre Idir-Rannach, leis an nGrúpa Oibre Sábháilteachta Mara, leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) agus Caighdeán Aeir, agus chas siad le roinnt custaiméirí tábhachtacha maidir leis na táirgí agus seirbhísí a chuirimid ar fáil dóibh.

Chuir na tuilte troma i mBaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin brú ar acmhainní na Rannóige i dtéarmaí rabhaidh a thabhairt agus déileáil le fiosruithe ó na meáin.

Cuireadh seirbhísí aimsire sain-oiriúnaithe ar fáil do chustaiméirí éagsúla lena n-áirítear fónais fuinnimh, an earnáil foirgníochta, Údaráis Áitiúla agus leasanna eile gnó agus tráchtála. Tugadh réamhaisnéisí faoi oighear ar bhóithre ag breis agus 50 láthair d'Údaráis Áitiúla ar fud na tíre agus do roinnt conraitheoirí cothabhála bóithre príobháideacha, le linn an gheimhridh.

D'éirigh go maith i gcónaí le *Weatherdial*, seirbhís aimsire teileafóin ardráta Met Éireann, agus lenár Seirbhís Comhairleoireachta Teileafóin. Cuireadh leis an raon faisnéise aimsire a chuirtear ar fáil ar an ngréasán agus ar na meáin leictreonacha; go háirithe trí chairteacha aimsire beoite 5-lá a sholáthar ar www.met.ie agus trí sheirbhís réamhaisnéise a thosú ar Twitter.

Tugadh isteach feasachán réamhaisnéise dírithe ar phobal na mbodhar ar theilifís RTÉ le linn 2011, agus tugadh insint na réamhaisnéise i dteanga chomharthaíochta i nGaeilge. Chuaigh an chéad chéim den chóras nua táirgthe agus scaipthe do rabhaidh i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

Seirbhísí don Eitlíocht

Tá an Rannóg Seirbhísí Eitlíochta freagrach as seirbhísí meitéareolaíochta a chur ar fáil d'eitlíocht mhíleata agus shibhialta in Éirinn agus in aerspás na hÉireann. Cuireadh gnáthsheirbhísí ar fáil d'eitlíocht ghinearálta, mhíleata agus shibhialta chuig caighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn 2011.

Seo a leanas na staitisticí ábhartha:

- An líon réamhaisnéisí ag tacú le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrhála:	232
- An líon réamhaisnéisí ag tacú le hoibríochtaí ceantair críochfoirt (sibhialta):	5,725
- An líon réamhaisnéisí ag tacú le hoibríochtaí ceantair críochfoirt (míleata):	3,015
- An líon réamhaisnéisí ag tacú le haerfoirt réigiúnacha:	6,332
- An líon réamhaisnéisí ceantair grafacha:	1,466
- An líon rabhadh ag tacú le hoibríochtaí en route:	432
- An líon rabhadh ag tacú le hoibríochtaí ceantair críochfoirt:	882
- An líon tuairiscí aimsire ag tacú le pleanáil eitiltí:	62,780
- An líon tuairiscí aimsire ag tacú le hoibríochtaí ceantair críochfoirt:	67,884

Tar éis an líon foirne in oibríochtaí eitlíochta a laghdú i 2011 rinneadh tuilleadh cuíchóirithe in Aerfort Bhaile Cliath, inar laghdaíodh an líon foirne 29%. D'ainneoin sin, lean an Rannóg ar aghaidh ag cinntiú gur cuireadh seirbhísí ar fáil ar bhealach sábháilte, éifeachtúil agus cost-éifeachtach.

Rinne an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann iniúchadh faireachais ar éirigh go maith leis ar chóras bhainistiú cáilíochta ISO 9001:2008 na Rannóige i mí Bealtaine. Coimeádadh teastas um sholáthar seirbhísí ón Údarás Náisiúnta Maoirseachta faoin Aerspás Eorpach Aonair chomh maith. Lean foireann na rannóige de bheith rannpháirteach go gníomhach ag cruinnithe na n-eagraíochtaí meitéareolaíochta eitlíochta idirnáisiúnta. Cuireadh ábhar tábhachtach i láthair ag seisiúin iomlánacha den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) i bPáras i mí Meán Fómhair.

Clíomeolaíocht & Breathnadóireachtaí

Le linn 2011, fuair Oifig na bhFiosraithe Aeráide thart ar 3,650 fiosrú teileafóin agus 2,550 iarratas trí ríomhphost/faics/litir ar fhaisnéis chlíomeolaíoch nó ar thuarascálacha. Cuireadh 423 tuairisc meitéareolaíochta ar fáil do chásanna dlí/árachais, agus d'fhreastail saineolaithe ar an gcúirt mar fhinnéithe, de réir mar ba ghá.

Cuireadh an “Achoimre Aimsire Mhíosúil” amach go pras i ndiaidh deireadh gach míosa, ag tabhairt réamh-mheasúnú ar aimsir na míosa sin, le faisnéis bhreise séasúrach agus bhliantúil ag deireadh gach séasúir. Thug an “Feasachán Míosúil Aimsire”, a foilsíodh cúpla mí ina dhiaidh sin, tuairisc níos cuimsithí ar an aimsir le tráchttaireacht ar eachtraí suntasacha in Éirinn agus ar fud an domhain. Cuireadh an dá fhoilseachán sin ar fáil ar láithreán gréasáin Met Éireann www.met.ie.

Cruthaíodh táirge nua, “An tAtlas Aeráide 2010”, a thug tuairisc ar aimsir na bliana, i bhfoirm ghrafach go príomha, agus cuireadh ar fáil é ar ár láithreán gréasáin.

Lean an Roinn ar aghaidh le sonraí a chothabháil agus a bhailiú ó 465 stáisiún clíomeolaíoch agus báistí, le cúnaimh ó ghníomhaireachtaí agus ó dhaoine aonair a bhí ag comhoibriú leo. Rinneadh rialú cáilíochta ar na sonraí seo, agus ar shonraí ó stáisiúin Met Éireann féin, agus cuireadh ar fáil iad sa bhunachar sonraí clíomeolaíoch.

Taighde agus Athrú Aeráide

Thug Met Éireann samhaltú réamh-mheasta atmaisféir méisiascála nuálach ar a dtugtar Harmonie isteach i 2011. Tugann an tsamhail soiléiriú atá ceithre oiread níos cruinne ná an córas a bhí ann roimhe ar ghnéithe aimsire agus tugann sí réamhaisnéisí níos mionsonraithe ar eachtraí aimsire áitiúla, e.g. an dian-bháisteach a bhaineann le tuile. Seoladh clár taighde maoinithe ag an EPA le linn na bliana, i gcomhar le heolaithe in Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil (ICHEC), chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Harmonie; tabharfaidh an obair seo deis don tsamhail leas a bhaint as crua-earraí ríomhaire nua chun réamhaisnéisí le soiléiriú faoi bhun aon chileaméadar a tháirgeadh go hoibríochtúil amach anseo.

Mar chomhpháirtí sa chuibhreannas idirnáisiúnta *EC-Earth*, bhí Met Éireann rannpháirteach san fhorbairt leanúnach ar Shamhail Dhomhanchórais Iomlánaíoch agus d'úsáid sé an leagan atmaisféir-aigéin den tsamhail chun ionsamhlúcháin a dhéanamh ar aeráid an Domhain san am atá caite (1850 go dtí an tréimhse reatha) agus sa todhchaí (go dtí 2100). Bhí an ceann faoin todhchaí bunaithe ar dhá chás ionchasach d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa. Bhí ról lárnach ag Met Éireann sa tionscadal *EC-Earth*, agus chuir sé an t-ionsamhlú tagartha ar fáil do chomhpháirtithe eile. Chuir Met Éireann breis agus 2000 bliain d'ionsamhlúcháin aeráide ar fáil i 2011. Cuirfear na sonraí sin ar aghaidh chuig CMIP5 (an Tionscadal Idirchomparáide um Shamhlú Chúpláilte) lena mbreithniú sa 5^ú Tuarascáil Mheasúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC). Tabharfaidh na sonraí eolas ar na hathruithe is féidir a bheith ag súil leo in aeráid na hÉireann sna blianta amach romhainn, mar thacaíocht don *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012*.

Ionstraimíocht & Monatóireacht Chomhshaoil

Réadlann Dhairbhre

Rinneadh ceithre ardú shondáil raidió aeir uachtaraigh in aghaidh an lae d'fhonn próifíl ingearach na n-eilimintí meitéareolaíochta a thomhas ag an Réadlann i 2011, maille le tuairiscí aimsire dromchla gach uair an chloig. Rinneadh tomhais radaíochta ultraivialaite (UV) agus tomhais ar leibhéal ózóin dromchla agus ar leibhéal iomlána ózóin colúin, chomh maith le harduithe sondála ózóin gach seachtain.

Bhí an Réadlann páirteach i gcláir mhonatóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta sa cheimic atmaisféarach, sa gheomhaighnéadaic, sa tseismeolaíocht agus san fheineolaíocht. Cuireadh nuashonruithe bliantúla ar dhiallas geomaighnéadach ar fáil d'Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) agus do Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI). Cuireadh tús leis an gcéad leath den suirbhé náisiúnta ar éagsúlacht tréimhseach i rith 2011.

Suiteáladh cúig stáisiún uathoibríocha radaíochta gréine i líonra AUTOSOL Met Éireann ag Dairbhre, Béal an Mhuirthead, Cionn Mhálanna, aerfort Bhaile Átha Cliath agus Cluain Eois. Rinneadh nua-aoisiú ar shamhail gheomaighnéadach na hÉireann (INGM) i gcomhar le Gníomhaireacht Náisiúnta Spáis na hAfraice Theas (SANSA).

Saotharlann

Leanadh ar aghaidh leis an anailís ar chomhdhéanamh ceimiceach an aeir agus ar shamplaí frasaíochta ó stáisiúin shionoptacha áirithe, go príomha Réadlann Dhairbhre. Leanadh ar aghaidh leis an anailís ar shamplaí ó chúig shuíomh truailithe trasteorainn de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). Leanadh ar aghaidh leis an anailís ar shamplaí caighdeáin aeir ón stáisiún Faire Atmaisféarach Dhomhanda ag Ceann Mhása agus ón stáisiún Faire Atmaisféarach Réigiúnach ag Réadlann Dhairbhre.

Ionstraimíocht:

An Líonra Sionoptach

Meascán de stáisiúin uathoibríocha agus foirnithe atá i líonra seanbhunaithe Met Éireann de stáisiúin sionoptacha. Cuireann siad tuairiscí ar an aimsir áitiúil ar fáil gach uair an chloig. Tugann cláir deisithe, cothabhála agus calabraithe tacaíocht do líonraí breathnadóireachta Met Éireann. Coinníodh clár iomlán breathnadóireachtaí, 24 uair an chloig in aghaidh an lae, ar bun ar feadh na bliana.

Cuireadh tús le stáisiún uathoibríoch aimsire (AWS) amháin a shuiteáil sa líonra aontaithe breathnadóireachtaí sionoptacha agus aeráide (TUCSON) ag Béal an Mhuirthead i 2011. Táthar ag súil go ndéanfar an stáisiún seo a choimisiúnú sa dara ráithe de 2012. Tugadh suiteáil stáisiún TUCSON ag Réadlann Dhairbhre beagnach chun críche i rith na bliana. Táthar ag súil go

ndéanfar é a choimisiúnú le linn na chéad ráithe de 2012. Rinneadh uasghrádú ar an AWS TUCSON cósta a bhí ann cheana féin ag Ceann Mása chun ceamaraí aimsire a chur ann. Cuireadh tús le huasghrádú ar an gcóras braite gaoithe ag aerfort Chnoc Mhuire. Táthar ag súil go dtabharfar sin chun críche ag tús 2012.

Córais Ghlactha Mheitéareolaíochta Radair agus Saitilíte

Oibríonn Met Éireann dhá radar faireachais aimsire líonraithe atá lonnaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag Aerfort na Sionainne. Cuireadh nuachóiriú ar radar Bhaile Átha Cliath i gcrích i rith 2011; cuireann sé sin feabhas ar acmhainn feidhmíochta agus bhraite an radair chomh maith le fad a chur lena shaolré. Déantar cothabháil ar áiseanna urláir an stáisiúin do ghlacadh sonraí ó shaitilítí meitéareolaíochta chomh maith. Tá uasghrádú á dhéanamh orthu seasta le go mbeidh siad in ann déileáil leis na cineálacha breise eolais a bhíonn ar fáil ó shaitilítí nua atá ar fhithis geochoibhsaí agus polach.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT):

Teicneolaíocht an Chórais Faisnéise Geografaí (GIS)

Tugadh teicneolaíocht GIS isteach i Met Éireann le linn 2011.

Gné Slándála Líonra Nua

Cuireadh gné slándála líonra nua i bhfeidhm le linn 2011, chun gníomhaíochtaí na n-innealtóirí tacaíochta a dhéanann cianlogáil isteach a bhainistiú agus a rianú. Baineadh úsáid as an áis sin le 7 mí anuas chun bainistiú agus rianú a dhéanamh ar 78 cian-sheisiún ó sholáthróirí seirbhísi éagsúla.

Stáisiúin Uathoibríocha Aimsire (AWS)

Lean Met Éireann ar aghaidh ag cur stáisiún nua lena líonra stáisiún uathoibríoch aimsire sionoptach le linn 2011 (Fionnúir, Clár Chlainne Mhuirís agus Caisleán Bhaile Sheáin 2).

Suíomh Gréasáin Met Éireann

Déantar feabhsúcháin ar shuíomh gréasáin Met Éireann gach bliain (www.met.ie) atá á óstáil go seachtrach ar fhreastalaí tiomanta ard-infhaighteachta. Bhí 5.4 milliún cuairteoir ag an suíomh agus tugadh 23 milliún cuairt ar leithligh i 2011. Laghdú beag ar an líon cuairteanna a tugadh sa bhliain roimhe sin a bhí ansin, mar gheall ar an aimsir thar a bheith fuar a bhí ann ag tús agus ag deireadh 2010, i gcomparáid leis an aimsir níos cineálta a bhí ann i 2011.

Rinneadh na feabhsúcháin seo a leanas ar an suíomh i 2011:-

- Íomhánna ó shaitilítí ar an suíomh níos minice;

- Uasghrádú ar an rannóg Seirbhísí Aimsire Mara;
- Leathanach 'Mór-Eachtraí Aimsire', a thugann eolas faoi bhreis agus 40 eachtra aimsire chomh fada siar le 1798;
- Nuashonrú ar an rannóg 'Aeráid na hÉireann';

Tá tuilleadh feabhsúchán beartaithe do 2012.

Seirbhís Ghréasáin Féin-Mhionteagaisc Met (MSB)

Rinneamar an suíomh gréasáin féin-mhionteagaisc MSB sainfheidhmeach seo don lucht eitlíochta a óstáil go rathúil agus thugamar tacaíocht dó. Is do pháilótaí aerlínte a bhaineann úsáid as aerfoirt na hÉireann, agus iad sin amháin, atá an suíomh. Bhí 787 úsáideoir cláraithe ag an suíomh gréasáin MSB faoi dheireadh 2011, sin ardú 36 ón mbliain roimhe sin. As an méid sin, bhain 561 úsáid as an suíomh ar a laghad uair amháin i rith na bliana. Rinneadh 83,030 logáil isteach ar leithligh ag úsáideoirí le linn 2011, (ardú ó 65,684 i 2010 agus ó 48,513 i 2009).

Caibidil 8

Acmhainní a chur ar fáil don Roinn Reatha

Cuspóir Ardleibhéal

A chinntiú go leanfar le forbairt ar Roinn ardfheidhmíochta atá tiomanta do sheirbhís ardchaighdeán, éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil dár gcustaiméirí go léir.

Acmhainní Daonna, PMDS, Oiliúint agus Forbairt

D'fhógair an Rialtas leagan amach nua don Roinn i Márta 2011. Dá bharr sin, bhog an fheidhm Oidhreachta ón Roinn seo go dtí an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nua. Is é a bhí i gceist leis sin 410 ball foirne a aistriú i mBealtaine 2011. D'aistrigh an fheidhm Pobail isteach sa Roinn seo in éineacht le 79 ball foirne Cóibhéis Lánaimseartha (WTE).

Díríodh i gcónaí ar chur i bhfeidhm an Chreata Rialaithe Fostaíochta (ECF) don Grúpa Vóta Comhshaoil. Leagann an ECF uasteorainneacha foriomlána agus uasteorainneacha earnála amach laistigh den Ghrúpa Vóta Comhshaoil, atá comhdhéanta den Roinn agus de chomhlachtaí Stáit-scanta neamhráchtála (NCSSB) faoi choimirce na Roinne agus Údarás Áitiúil. Comhaontaíodh ECF nua tar éis feidhmeanna agus foireann a aistriú i mBealtaine 2011.

Lean an Roinn ar aghaidh ag comhlíonadh a gealltanais faoi Phlean Gnímh Pháirc an Chrócaigh, a leagann amach spriocanna maidir leis an líon foirne sa tSeirbhís Phoiblí a laghdú, rannpháirtíocht sa chlár ath-implonaithe, próisis ghnó fheabhsaithe agus bainistiú níos fearr ar fheidhmíocht, tinreamh agus neamhláithreacht.

Is ionann an Plean le hAthchóiriú a Dhéanamh ar an tSeirbhís Phoiblí a foilsíodh i Samhain 2011 agus an chéad chéim eile i gclár athchóirithe an Rialtais agus leagann sé amach an bonn athraithe thar gach earnáil den tSeirbhís Phoiblí do na blianta amach romhainn. Cuireann sé leis na gealltanais i gComhaontú Pháirc an Chrócaigh, lena n-áirítear an líon foirne sa tSeirbhís Phoiblí a laghdú, struchtúir seirbhísí roinnte a thabhairt isteach agus scileanna ceannaireachta agus feidhmíocht a fheabhsú.

I ndiaidh tús a chur le rannpháirteacht sa Chlár Athbhreithnithe Eagraíochtúla (ORP) i 2010, chomhaontaigh an Roinn a Plean Gnímh ORP féin i mí Deireadh Fómhair 2011. Rinneadh sin tar éis chomhchomhairle mhór leis an bhfoireann, a raibh ról tábhachtach acu maidir leis na Gníomhartha sa phlean a roghnú. Tá roinnt gníomhartha a bhaineann le hAcmhainní Daonna sa Phlean, lena n-áirítear cur chuigí níos straitéisí ar fheidhmiú chúrsaí AD a fhorbairt agus tacú le bainisteoirí ina rólanna ceannaireachta.

Eisíodh treoirí nua maidir le tearcfheidhmíocht ar an bhfoireann agus cuireadh oiliúint Acmhainní Daonna do bhainisteoirí líne ar bhaill foirne ag leibhéal Ardoifigigh Feidhmiúcháin agus a chomhionann. Clúdaíodh saoire bhreiteachta, bainistiú tinrimh agus tearcfheidhmíocht.

Lean an fhoireann ar aghaidh ag baint leasa as raon scéimeanna cothromaíochta oibre-saoil, mar a leagtar amach thíos:

Roinnt Oibre	124
Saoire do Thuismitheoirí	32
Sosanna Gairme	Bhí 17 ball foirne ar Shosanna Gairme le linn 2011. Chomh maith leis sin, bhí 32 ball foirne ar an Sos Gairme Dreasaithe i 2011.
Saoire Staidéir	Bhain 54 ball foirne leas as saoire staidéir.
Bliain Oibre Níos Giorra	Bhain 59 ball foirne leas as Bliain Oibre Níos Giorra.

Leanadh ar aghaidh ag baint leasa as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) mar uirlis éifeachtach bainistíochta agus forbartha feidhmíochta. Baineadh amach ráta feidhmithe 86%.

Comhaontaíodh doiciméid PMDS nua i mí na Samhna 2011, le súil agus an próiseas a shruthlíniú agus a shimpliú.

B'ionann an líon foirne a bhí ar fónamh sa Roinn ag deireadh na bliana 2011 agus 812 post Cóibhéis Lánaimseartha. Earcaíodh agus tugadh ardú céime do líon teoranta ball foirne ar bhealaí éagsúla i 2011, lena n-áirítear comórtas oscailte agus an tSaoráid Lárnach Iarratas.

Ghlac an Roinn páirt sa Tionscnamh Scáthfhoghlama Náisiúnta i 2011. Ghlac an Roinn páirt i gClár Socrúcháin Oibre FÁS agus i Scéim Socrúcháin Céimithe FÁS, Jobbridge. Tairiscíodh 9 socrúchán i 2011.

An Coiste Comhpháirtíochta

Lean Coiste Comhpháirtíochta na Roinne ag cur fóraim ar fáil inar tugadh forbairtí suntasacha agus tionscnaimh nua isteach sna réimsí nuachóirithe agus Acmhainní Daonna trí phróiseas comhairliúcháin, cumarsáid agus

comhthuisceint. D'fháiltigh an Coiste roimh chomhaltaí nua ón Rannóg Pobail chun ionadaíocht a dhéanamh ar chomhghleacaithe atá lonnaithe i dTobar an Choire agus i mBéal an Átha. Dhírigh go leor d'obair an Choiste ar Phlean Gnímh na Roinne a ullmhú mar fhreagra ar an Tuarascáil ORP. Léirigh sin an forluach a bhaineann le Coiste dinimiciúil agus gníomhach.

Saoráil Faisnéise; Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (FOI/AIE)

Tá mionsonraí faoi ghníomhaíocht FOI agus AIE chomh maith le faisnéis ar an gcatagóir iarratasóra a rinne iarratais FOI i 2011 leagtha amach sa tábla thíos. Chuir Oifig an Ombudsman 5 iarratas ar fhaisnéis isteach maidir le gearáin a fuair an oifig sin. Bhain siad le mainneachtain ón Roinn freagra a thabhairt go pras ar chomhfhreagras chomh maith le cinntí a rinne an Roinn.

Cinntí	FOI	AIE
Deonaithe	43	10
Deonaithe i bPáirt	26	2
Diúltaithe	11	8
Iarratais tarraingthe siar	17	3
Aistrithe	1	3
Iarratais ar láimh *	2	0
Iomlán na nIarratas a Fuarthas	100	26
Briseadh Síos ar Iarratais de réir Rannáin	FOI	AIE
Oidhreacht (go dtí Meitheamh 2011)	6	5
Pobal (ó Bhealtaine 2011)	3	0
Airgeadas & Seirbhísí Lárnacha	28	3
Tithíocht & Pleanáil	21	0
Rialtas Áitiúil	20	1
Comhshaol	8	12
Uisce & ICT	11	5
Gan Sannadh (Tarraingthe siar roimh sannadh)	3	0
Briseadh Síos ar Iarratais de réir Chatagóir Iarratasóra	FOI	AIE
Na Meáin & Iriseoirí	37	2
Gnó, Cuideachta, Comhairleoir	13	4
Comhalta den Oireachtas / Ionadaí Poiblí	3	0
Comhlachas & comhlachtaí gairmiúla eile	10	7
Duine Aonair (iarratas neamh-pearsanta)	21	13
Duine Aonair (iarratas pearsanta)	16	0
Athbhreithnithe Inmheánacha	FOI	AIE
Seasadh le Cinntí Bunaidh	2	2
Athrú curtha ar Chinntí Bunaidh	2	0
Athbhreithnithe ar siúl.	0	1
Iomlán na nAthbhreithnithe a Fuarthas	4	3

Ag Tacu leis an bPróiseas Parlaiminte

Fuair an tAire 4,270 Ceist Pharlaiminteach i 2011 agus d'fhreagair 2,372 (294 Ceist ó Bhéal agus 2,078 Ceist Scríofa); maidir leis an gcuid eile de na ceisteanna níor ceadaíodh iad, tarraingíodh siar iad nó aistríodh iad. Bhí 150 Díospóireacht ar Cheisteanna Tráthúla agus 16 Díospóireacht Atrátha Seanaid i 2011. Fuair an tAire agus Airí Stáit 8,216 uirill agus 1,298 cuireadh i 2011.

Bainistíocht Airgeadais, Iniúchadh Inmheánach agus Measúnú ar Riosca

Thug Rannóg um Iniúchadh Inmheánach na Roinne 5 iniúchadh inmheánach agus 5 athbhreithniú iniúchta i gcrích le linn na bliana. Thionól Coiste Iniúchta na Roinne trí chruinniú le linn na bliana.

Bainistíocht Airgeadais, Iniúchadh Inmheánach agus Measúnú ar Riosca

I 2011, rinne Rannóg an Rialtais Áitiúil um Iniúchadh spotseiceáil ar chomhlíonadh le ceanglais breithmheasa caipitil sa chás gur thug Údaráis Áitiúla faoi thionscadail agus rinne an Rannóg um Iniúchadh Inmheánach spotseiceáil sa chás gur i réimse an Phobail a tugadh faoi thionscadail. Chuimsigh an spotseiceáil, a bhain le 2009, 96 tionscadal caipitil le luach iomlán €408 milliún ar feadh 7 réimse cláir.

Leanadh le hathbhreithnithe a dhéanamh ar Luach ar Airgead agus ar Pholasaithe i 2011, agus ba í an Scéim Cóiríochta Cíosa an ceann ba mhó.

Tá laghdú suntasach curtha ar an gcaiteachas ar chomhairleoireacht le blianta beaga anuas, ag teacht le polasaí an Rialtais ar éifeachtúlacht níos fearr agus luach ar airgead. B'ionann an méid a caitheadh ar chomhairleoireacht i 2011 agus díreach faoi bhun €320,000 – laghdú 68% ar 2010.

Íocaíocht Phras

D'íoc an Roinn 96% de na sonraisc go léir laistigh de 15 lá féilire agus íocadh 99% de na sonraisc go léir laistigh de 30 lá féilire.

Maidir leis an mbliain ar an iomlán, thabhaigh an Roinn ús um íocaíocht phras de €492 – laghdú beagnach 40% i gcomparáid le €810 i 2010. B'ionann luach na n-íocaíochtaí déanacha go léir mar chéatadán de na híocaíochtaí go léir in aghaidh sonraisc agus 0.029% i 2011, sin deich n-oiread níos lú ná 2010 (0.21%).

AGUISÍNÍ

AGUISÍN 1

Gníomhaíocht Reachtach i 2011

Achtanna an Oireachtais i 2011

Uimh.	Teideal	Tuairisc	RIA (Tá/Níl)	Cúis gan RIA a ullmhú
14	An tAcht Toghcháin (Leasú), 2011	Forálann an tAcht do theorainn ama sé mhí maidir le fothoghcháin a ghairm chun folúntais sa Dáil a líonadh; laghdú ar na teorainneacha caiteachais agus aisíocaíochta ag toghchán Uachtaráin agus athrú ar cheann de na téarmaí tagartha de Choimisiún um Thoghlaigh.	Tá	
